


An Clár Bí Sábháilte



bí
sábháilte

Scileanna Sábháilteachta Pearsanta le haghaidh

Rang a 5 & Rang a 6



Rang a 5 & Rang a 6

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE
Le Deirdre MacIntyre agus Maria Lawlor

Chomhordaigh Patricia Shanahan ábhar agus forbairt
an eagráin seo

Arna fhoilsiú den chéad uair in 1991
Foilíodh an t-eagrán athbhreithnithe seo in 2016

© An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí 2016

Buíochas

Buíochas ó chroí leo siúd ar fad a bhí páirteach san athbhreithniú ar an gClár Bí Sábháilte lena n-áirítear:

- An chroí-fhoireann forbartha ina raibh Patricia Shanahan, Marion Hefferon, Eimear Berry agus Marion McHugh
- Niamh Murphy, Anne Flynn, Deborah James agus Maria Lawlor ó fhoireann Frithbhulaíochta 'Cool School' C.A.M.H.S. Dheisceart na Mí
- Baill d'fhoireann Sláinte agus Folláine SFGM a chuidigh le hathbhreithniú ar ábhar agus acmhainní
- Kathleen McFadden a thug go leor de na scéalta sna ceachtanna seo.
- Múinteoirí agus páistí ó Bhunscoil Naomh Raphael, Baile Formaid agus Bunscoil Mhuire na Trócaire, Sligeach a ghlac páirt i dtaifeadadh amhrán agus ábhar closamhairc
- Múinteoirí agus páistí a ghlac páirt sa chlár athbhreithnithe píolótach
- Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna as athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar
- An Roinn Oideachais agus Scileanna as foilsiú an phacáiste seo a mhaoiniú.



Dearadh Grafach le **jean langley** graphic design services 087 2249 752

Léaráidí le Fintan Taite

Fuaim le Sound T Audio

Clár Ábhair

Bí Sábháilte: Treoir don Mhúinteoir

An Clár Bí Sábháilte.....	1
An Clár a chur i bhfeidhm.....	5
Bí Sábháilte a Theagasc	7
Tagairtí	10
Naisc	11
Aguisín A – Litir Shamplach chuig Tuismitheoir	13

Na Ceachtanna Bí Sábháilte

Comhtháthú sa Churaclam ar Fad	14
Topaic 1: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte.	16
Topaic 2: Cairdeas agus Bulaíocht	29
Topaic 3: Tadhaill.	51
Topaic 4: Rúin agus Insint	61
Topaic 5: Strainséirí	69

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE

Treoir don Mhúinteoir

Is clár scileanna do shábháilteacht phearsanta é an clár Bí Sábháilte do bhunscoileanna. Is é aidhm an chlár an baol a bhaineann le mí-úsáid páistí agus le bulaíocht a mhaolú tríd oideachas i sábháilteacht phearsanta a sholáthar do pháistí agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí, ar bhoird bhainistíochta scoileanna agus ar thuismitheoirí.

Tá sé leagtha amach ó thaobh na forbartha de chun cur ar chumas múinteoirí bunscoile oideachas ar chosc ar mhí-úsáid a sheachadadh ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta pearsanta amhail mí-úsáid fhisiceach, mhothúchánach agus mí-úsáid ghnéasach chomh maith le bulaíocht agus an baol ó strainséirí.

Ón gclár Bí Sabhailte foghlamaíonn leanaí:

- Maidir le Mothúcháin: Chun tábhacht mothúchán a aithint; an chaoi chun iad a chur in iúl go cuí agus go háirithe mothúcháin neamhshábháilte a aithint
- Maidir le Cairdeas: Cairde a dhéanamh agus a choinneáil agus luach an chairdis
- Maidir le Bulaíocht: Cad is bulaíocht ann; straitéisí le déileáil le hiompar bulaíochta, agus nach bhfuil sé inghlactha riamh bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile
- An tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú
- Conas tadhall míchuí nó neamhshábháilte a aithint agus conas déileáil leis
- Go bhfuil sé ceart go leor diúltú do dhuine fásta i gcás ina bhfuil eagla orthu, nó go n-airíonn siad go bhfuil bagairt á déanamh orthu nó go bhfuil siad scanraithe
- Daoine fásta a bhfuil muinín acu astu a shainaithint, ar cheart dóibh insint dóibh má mhothaíonn siad scanraithe, faoi bhagairt, imníoch nó neamhshábháilte ar bhealach ar bith
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh duine breab a thabhairt dóibh, bob a bhualadh orthu nó bagairt a dhéanamh orthu chun rún a choinneáil
- Ní orthu féin a bhíonn an locht riamh má dhéantar leatrom nó bulaíocht orthu
- Nár cheart dóibh dul in aon áit in éineacht le strainséir go deo ná glacadh le haon ní ó strainséir
- Teanga chuí le rud a insint
- Na rialacha Bí Sábháilte:
 - Abair ‘Stop’, Imigh Leat, agus Inis do Dhuine Éigin É
 - Níor chóir duit rún faoi thadhall a choinneáil riamh
 - Ná téigh in aon áit in éineacht le strainséir go deo agus ná glac le haon ní ó strainséir

Cuirtear an bhéim ar an tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú agus treallús agus cumarsáid shoiléir láidir a fhorbairt síos tríd an gclár. Múintear do pháistí nach orthu atá an locht má dhéantar bulaíocht nó mí-úsáid orthu.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

“Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna sonracha ar fáil chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an linbh aonair a chothú, chun cuidiú leis/léi caidreamh tacúil le daoine éagsúla a chruthú agus a choinneáil agus a bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár don OSPS atá pleanáilte agus comhsheasmhach ar fud na scoile, is féidir le páistí creatlach de luacha, dearcadh, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thabharfaidh treoir dá gcinntí agus dá ngníomhartha san am i láthair agus san am atá le teacht. Tá gné mhorálta agus spioradálta le OSPS, bíonn tionchar suntasach ag éiteas nó spiorad saintréitheach na scoile ar a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú”. (Curaclam OSPS, lch 2)

Is gá do gach bunscoil an Clár Bí Sábháilte a fhorfheidhmiú ina iomláine (Ciorclán 65/2011 ROS) laistigh de chomhthéacs an churaclaim Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Ba cheart gur próiseas comhoibritheach a bheadh i bhforfheidhmiú an chlár Bí Sábháilte ina mbeadh tuismitheoirí, múinteoirí agus pobal na scoile níos leithne páirteach agus cur chuige níos comhordaithe á ghlacadh i leith cosaint páistí agus mí-úsáid páistí a chosc trí oideachas i scileanna sábháilteachta.

An réasúnaíocht le haghaidh an Chlár Bí Sábháilte

Níl aon teorainneacha ag mí-úsáid páistí. Tarlaíonn sé ag gach leibhéal socheacnamaíoch, is cuma cén cúlra eitneach agus cultúrtha atá ag duine, agus tarlaíonn sé i ngach creideamh agus ag gach leibhéal oideachais.

Tá páistí ar baineadh mí-úsáid astu agus a bhfuil faillí á dhéanamh orthu i mbeagnach gach scoil sa tír. Léirítear i dtaighde go bhfuil os cionn leath de na páistí a mbaintear mí-úsáid astu ag dul ar scoil.

Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2015 na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, TUSLA go ndearadh 43,596 cás a atreorú chuig Seirbhísí um Chosaint agus Leas Leanaí in 2015.

In 2002, tugadh le fios i dtuarascáil SAVI gur thuairiscigh duine as cúigear ban (20.4 faoin gcéad) agus duine as seisear fear (16.2 faoin gcéad) gur tharla mí-úsáid ghnéasach teagmhála dóibh ina bpáistí. (SAVI, 2002)

Taispeántar i dTuarascáil Lónra Géarchéime um Éigniú na hÉireann 2014:

- D'inis 63% d'íospartaigh a d'fhreastail ar Ionad Géarchéime um Éigniú (RCC) in 2014 gur tharla an foréigean gnéasach dóibh nuair a bhí siad ina bpáistí.
- Bíonn aithne ag déantóirí na coire i gcásanna foréigean gnéasach ar an duine ar a ndéanann siad an mhí-úsáid i bhformhór cásanna (93%).
- B'fhir iad formhór mór (96%) de na daoine a rinne foréigean gnéasach i gcoinne íospartach, idir fhir agus mhná. Meascáin a bhí i líon beag d'fhir agus de mhná ag gníomhú le chéile (3%), nó mná ag gníomhú astu féin (1%).
- Nochtaigh íospartaigh a bhí faoi bhun 13 bliana d'aois nuair a tharla an foréigean go coitianta gur baill teaghlaigh/gaolta a bhí sna mí-úsáideoirí (45%).
- Ba pháistí eile a rinne beagnach ceathrú cuid (23%) den fhoréigean gnéasach a rinneadh ar pháistí faoi 13 bliana d'aois.
- D'inis 66% de dhaoine ar baineadh mí-úsáid astu agus iad ina bpáistí a d'fhreastail ar RCC faoin mí-úsáid ar dtús dá dtuismitheoirí.

Táthar ag aithint go bhfuil ról scoileanna in oideachas ar chosc ríthábhachtach chun an líon páistí atá leochaileach don mhí-úsáid a laghdú.

"Is mar gheall ar mhí-úsáid páistí is mó go dtarlaíonn fadhbanna mothúchána, iompraíochta, agus sláinte ó thúis deireadh an tsaoil. Is féidir é a chosc chomh maith. Tá sé faighte amach i gclár ar scoil don oideachas luath-óige agus réamhscoile chun mí-úsáid a chosc go bhfuil na cláir éifeachtach ó thaobh eolas na ndaltaí agus iompraíochtaí cosanta a mhéadú." (Brassard and Fiorvanti, 2015)

Mar aon le leochaileacht páistí do mhí-úsáid, tá sé mar aidhm ag an gclár Bí Sábháilte folláine agus treallús a mhéadú trí eolas, scileanna agus straitéisí a thabhairt do pháistí ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois, le ceachtanna agus acmhainní arna struchtúir go forbartha chun iad a chumhachtú.

Léirigh taighde maidir le patrúin nochta i measc páistí, tar éis a rannpháirtíocht sa chlár Bí Sábháilte, gur mhó an seans gur thuairiscigh an páiste an mhí-úsáid, gur mhó an seans go n-inseodh siad dá múinteoirí, agus gur mhó an seans go mbeadh bunús leo (MacIntyre & Carr, 1999b).

Páistí a bhfuil leochaileachtaí speisialta acu

Tá sé faighte amach tar éis blianta taighde go bhfuil páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu i mbaol níos mó ó na cineálacha éagsúla mí-úsáide agus íosparta. Áirítear le

tosca lena mbaineann riosca níos mó de mhí-úsáid páistí:

- Tuismitheoir amháin nó beirt tuismitheoirí a bheith in easnamh
- Úsáid alcóil nó drugaí i dteaghlach an íospartaigh
- Míchumas fisiceach a bheith ag an duine
- Aire a bheith á thabhairt dóibh ag duine seachas na tuismitheoirí
- Míchumas foghlama a bheith ag an duine
- Deacrachtaí sóisialta nó mothúchána a bheith ag an duine

(e.g. Davies & Jones, 2013; Putnam, 2003)

Taispeántar i staidéir ar dhéantóirí coire go ndíríonn mí-úsáideoirí páistí ar pháistí leochaileacha a bhfuil tréithe, iompair agus saintréithe áirithe acu a cheapann na déantóirí coire go mbeidh siad in ann a láimhsiú. Lorgaíonn déantóirí coire eile páistí faoi mhíchumas, nó páiste atá as féin nó a dtugtar aire dó in áit éigin scartha amach óna theaghlach.

Tugtar le fios i bhfianaise taighde go bhfuil seans 3 nó 4 huaire níos mó go ndéanfaí faillí nó go mbainfí mí-úsáid as páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, 3.8 uaire níos mó seans go ndéanfaí faillí orthu.

Tá go leor cúiseanna go mbíonn páistí éagsúla a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu níos leochaillí agus áirítear orthu:

- Bacainní cumarsáide
- Dearchtaí agus breithiúnais sa tsochaí nach dtarlaíonn mí-úsáid do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Spleáchas
- Drogall dúshlán a thabhairt do chúramóirí
- Easpa rannpháirtíochta agus rogha i gcúrsaí cinnteoireachta
- Leibhéil níos airde bulaíochta agus cláir theoranta faoi shábháilteacht phearsanta agus oideachas pearsanta, sóisialta agus gnéis.. (UK Dept. of Children, Schools and Families, 2009)

Tarlaíonn bulaíocht níos minice chomh maith do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is mó an seans go mothóidh siad aonarach, uaigheach, agus eisiata go sóisialta (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le príomhtheachtaireachtaí an chlár Bí Sábháilte a sheachadadh do pháistí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Anuas air sin, tá sé riachtanach go gcinntíonn gach scoil (príomhshrutha agus speisialta) go gcuimsítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gceart in oideachas caidrimh agus gnéasachta agus go leanann

an fhoireann ar fad, foireann choimhdeach agus cúntóirí riachtanas speisialta san áireamh, beartas OCG na scoile.

I gcás páistí leochaileacha agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá oideachas uileghabhálach ina chuid lárnach den réiteach ar leithlisiú agus d'fhéadfadh sé cuidiú le riosca na mí-úsáide páistí agus bulaíochta a laghdú. Nuair a fhoghlaimíonn páistí taobh lena bpiaraí, forbraíonn siad muinín agus treisítear a scileanna sóisialta agus cumarsáide. Dearadh na ceachtanna Bí Sábháilte le haghaidh éagsúlacht leathan foghlaimíochta agus stíleanna foghlama agus éascaíonn siad cur chuige cuimsitheach. I gcás páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith nó riachtanais speisialta oideachais acu, ba cheart riachtanais aonair a aithint agus dul i ngleic leo trí dhifreáil agus nuair is cuí, ba cheart oiriúintí nó tacaíochtaí aonair níos dírithe a chur i bhfeidhm agus a áireamh san IEP.

Difreáil

I gcás difreála is gá don mhúinteoir a chur chuige a athrú d'fhonn freastal ar stíleanna foghlama, leibhéil chumais agus suimeanna éagsúla. Tacaítear i gcuraclam OSPS le húsáid raon leathan modheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach mar a luadh níos túisce.

Dá mhéid éagsúlachta sna modheolaíochtaí a úsáideann an múinteoir, is amháil is mó slite agus pointí iontrála chuig an bhfoghlaim a chuirtear ar fáil don pháiste. Cuideoidh príomhtheachtaireachtaí agus rúin foghlama ag tús gach ceachta de chuid Bí Sábháilte le múinteoirí an teagasc agus an fhoghlaim a dhifreáil dá gcuid daltaí.

Mar chuid de chur chuige difreáilte ba cheart do scoileanna smaoineamh freisin ar an bhfiúntas atá leis an bhfoclóir ábhartha a mhúineadh roimh ré agus chun príomhtheachtaireachtaí a atreisiú mar chuid de thacaíocht foghlama nó de thréimhse teagaisc acmhainní. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag cúntóirí riachtanas speisialta freisin, faoi threoir an mhúinteora ranga, chun foghlaim na bpríomhtheachtaireachtaí a atreisiú agus a chomhdhlúthú.

Anuas ar an gcur chuige ilmheán, bíonn scóip níos mó i gcomhair difreála ann nuair a úsáidtear éagsúlacht leathan modhanna teagaisc agus nuair a chuirtear gníomhaíochtaí forleathnúcháin san áireamh.

D'fhéadfadh na straitéisí seanbhunaithe seo chun teagasc agus foghlaim a dhifreáil a bheith úsáideach: KUDoS, Tacsanomaíocht Bloom, Ceachtanna srathacha, Grúpáil sholúbtha, Cláir an mhadra rua agus an ghé, TFC a úsáid, Ceistiú athraitheach.

Bulaíocht

Is é cúram scoile oideachas oiriúnach a sholáthar do gach duine dá daltaí. Teastaíonn timpeallacht foghlama atá cobhsaí agus slán, le gur féidir é sin a dhéanamh. Ní féidir oideachas sásúil a chur ar fáil má bhíonn iompar

bulaíochta ar siúl. Taispeánann an taighde go bhféadfaidh éifeachtaí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a bheith ag an mbulaíocht ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daltaí, ar an spéis a chuireann siad ina gcuid foghlama, ar a bhféinmhuinín agus ar a gcumas chun a dtoilmhianta agus a n-ábhar spéise a shaothrú.'

(Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2013; 1.1)

Sainmhínítear bulaíocht i ngnásanna na Roinne Oideachais agus Scileanna mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear le bulaíocht duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó; cúlchaint mhailíseach; caidreamh bulaíochta; cibearbhulaíocht; bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach/thrasfóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

In 2013, d'eisigh an Roinn Oideachais ciorclán 45/2013 ina leagtar amach go soiléir riachtanais scoileanna chun beartas frithbhulaíochta a fhorbairt a chloíonn go hiomlán le Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais.

Is féidir teacht ar Chiorclán 45/2013 ag http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/clo045_2013.pdf, agus ar na gnásanna ag <http://http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Bula%C3%ADocht/Gn%C3%A1sanna-Frithbhula%C3%ADochta-i-Scoileanna.html>

Tá ábhar tacaíochta agus acmhainní eile ar fáil ag <http://www.pdst.ie/ga/node/4610> agus <https://www.webwise.ie/ga/category/muinteoiri-ga/acmhainni-don-seomra-ranga-ga/>

Mí-úsáid Páistí

Is féidir mí-úsáid páistí a rangú i gceithre chineál: faillí, mí-úsáid mhothúcháin, mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid ghnéasach. D'fhéadfadh páiste a bheith thíos de bharr cineál amháin mí-úsáide nó níos mó ag aon am amháin. Baintear níos mó ná cineál amháin mí-úsáide as formhór páistí a mbaintear mí-úsáid astu. Mar shampla, d'fhéadfaí mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid mhothúcháin tarlú do leanbh a mbaintear mí-úsáid ghnéasach astu.

Bíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid páistí a shainaithint go minic agus d'fhéadfadh sé bheith ann ar go leor bealaí. Tá sainmhínte agus comharthaí agus comharthaí sóirt na mí-úsáide agus faillí le fáil in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, 2011 agus in *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna*. Tá cáipéisí ar fáil lena n-íoslódáil,

mar seo a leanas:

Tús Áite do Leanaí: http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/Children_First_Report_IRISH_LR.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna: http://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/Cosaint-Leana%C3%AD/cp_procedures_primary_post_primary_2011_ir.pdf

Treoirlínte maidir le haitheantas

Cuirtear béim in Tús Áite do Leanaí go bhféadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin glacadh leis go bhféadfadh drochúsáid ag tarlú agus bhraithfeadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici. Anuas air sin, cuireann sé i gcuimhne dúinn:

- Ní gá gurb ionann déine an chomhartha agus déine na mí-úsáide.
- D'fhéadfadh faillí a bheith chomh marfach le mí-úsáid fhisiceach.
- D'fhéadfadh dochar tromchúiseach agus fadtéarmach tarlú mar gheall ar mhí-úsáid ag leibhéal íseal a tharlaíonn go minic.
- Níl mí-úsáid leanaí teoranta do ghrúpa socheacnamaíoch, inscne nó cultúr ar bith.
- Níor cheart go ndéanfaí mí-úsáid ar pháiste nó ar dhuine óg mar gheall ar iompar dúshlánach.
- Is féidir dochar a dhéanamh do dhearbhaile fhisiceach, mhóthúcháin agus shíceolaíoch linbh má nochtfar é nó í d'fhoréigean baile.
- Cé go bhfuil an tionchar is mó ag faillí ar pháistí óga, bíonn drochthionchar aige chomh maith ar ógánaigh.
- Uaireanta bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir táscaire mí-úsáide agus deacrachtaí eile a bhíonn ag páistí agus teaghlaigh.
- D'fhéadfadh sé a bheith deacair dul i ngleic le teaghlaigh ina ndéantar faillí.
- D'fhéadfadh teaghlaigh ina bhfuil faillí agus mí-úsáid ar siúl go leor rudaí a dhéanamh chun dallamullóg a chur ar ghairmithe.
- Is gá go mbeadh scileanna breithnithe agus anailíseach ag oibrithe sóisialta chun an cineál caidrimh idir tuismitheoir agus páiste a thuiscint, chun comharthaí neamhchomhlíonta a thuiscint, le hoibriú le teaghlach,

agus le teacht ar bhreithnithe sábháilte agus bunaithe ar fhianaise maidir leis an ngníomh is fearr a ghlacadh.

- Agus tú ag obair sa réimse a bhaineann le mí-úsáid agus faillí páistí, bíonn tú ag déileáil le neamhchinnteacht.

An Mí-úsáideoir

Cé gur mó an seans go ndéanfaidh tuismitheoir nó cúramóir mí-úsáid ar pháiste, d'fhéadfadh duine fásta eile nó páiste nó ógánach eile mí-úsáid a dhéanamh chomh maith. Bíonn aithne mhaith ag an bpáiste agus a t(h) eaghlach ar fhormhór mí-úsáideoirí.

D'fhéadfadh sé gur fear nó bean é an mí-úsáideoir, ag aois ar bith agus ó aon chúla sóisialta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid ar an mí-úsáideoir féin. Fir is ea iad formhór na mí-úsáideoirí gnéis atá ar eolas. (RCNI, 2014)

An tíospartach

D'fhéadfadh páiste ar bith a bheith ina íospartach mí-úsáide. D'fhéadfadh páistí a bheith ina n-íospartaigh ag mí-úsáid páistí ag aois ar bith ón gcliaibhán amach. Baineann formhór na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach páistí a bhfuil eolas fúthu le páistí idir ceithre bliana agus dhá bhliain déag d'aois. Tá buachaillí chomh leochaileach le cailíní.

Tosca cosantacha iad muinín agus treallús.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna

Caithfidh gach scoil Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go foirmiúil, gan iad a athrú, mar chuid dá mbeartas foriomlán um chosaint leanaí.

Ní mór do gach pearsanra scoile feidhmiú de réir nósanna imeachta um chosaint leanaí na Roinne Oideachais 2011 ina luaitear:

'Sa chás go ndéantar líomhain le duine den fhoireann nó go mbíonn duine den fhoireann in ambras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a thabhairt air, déanfaidh an fostaí sin de chuid na scoile, gan mhoill, tuairisc ar an gcás a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil.'

(Nósanna Imeachta na Roinne Oideachas 4.1 lch 26)

Daoine fásta a ngoilleann mí-úsáid orthu

D'fhéadfadh sé go bhfuil taithí phearsanta dhíreach nó taithí teaghlaigh ar mhí-úsáid páistí ag roinnt úsáideoirí den Chlár Bí Sábháilte. Dhéileáil mórán acu leis le líonra tacaíocht ón teaghlach agus ó chairde. Mar sin féin, d'fhéadfadh caint maidir le mí-úsáid páistí cuimhní cinn agus mothúcháin ghoilliúnacha a spreagadh iontu. Ba cheart go mbeadh a fhios ag aon duine a bhfuil an clár ag dul i gcion orthu ar an gcaoi sin gur minc gur gá do dhaoine fásta ar baineadh mí-úsáid astu ina n-óige labhairt le duine báuil i dtimpeallacht shábháilte agus faoi rún, e.g. comhairleoir gairmiúil, agus go gcuidíonn sé sin leo. Chun an próiseas cneasaithe a éascú tá sé tábhachtach go dtabharfaí am agus spás chun é sin a dhéanamh. Cuireann eagraíochtaí éagsúla tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an gcomhairleoireacht sin. (Feic na Naisc, leathanach 11)

An Clár a chur i bhfeidhm

Réamhobair/Obair chomhthreomhar

Ba cheart an Clár Bí Sábháilte a theagasc i gcomhthéacs an oideachais shóisialta, phearsanta agus shláinte. Tá sé bunaithe ar na croí-ghnéithe seo a leanas, a bhfuil gach ceann díobh ina cuid lárnach den churaclam OSPS.

- Féinmheas páistí a chothú
- Muinín páistí a fhorbairt
- Cur ar chumas páistí a bheith treallúsach
- Cuidiú le páistí a mothúcháin a shainaithint agus a chur in iúl.

I gcomhthéacs leathan seo an OSPS, comhábhar tábhachtach den chlár is ea an réamhobair/obair chomhthreomhar.

Mothúcháin

Sula dtugtar isteach na ceachtanna Bí Sábháilte, tá sé tábhachtach gur féidir le páistí mothúcháin éagsúla a ainmniú agus a aithint agus go bhfuil dóthain deiseanna acu chun topaic na mothúcháin a phlé go ginearálta. Is féidir na comhráite seo a chomhtháthú i rith an churaclaim in áiteanna mar fhorbairt teanga ó bhéal agus scríofa, drámaíocht, filíocht agus scéalta. Féadfaidh tuismitheoirí agus múinteoirí cabhrú le páistí foghlaim go gcabhraíonn ár mothúcháin linn muid féin a thuiscint níos fearr. Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfoghlaimíonn páistí an tslí chun mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach oiriúnach.

Tá ceachtanna breise sa chlár Misneach a chabhraíonn le daltaí ag gach leibhéal ranga chun mothúcháin a ainmniú, a aithint agus a thuiscint.

Féinmheas

Lena chinntiú go gcuirtear an clár in iúl i gceart, tá sé tábhachtach go n-úsáideann múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine fásta suntasacha eile i saol an pháiste gach deis féideartha chun féinmheas agus muinín an pháiste a fhorbairt. Ba cheart dá bhféadfaí é na gníomhaíochtaí a chomhtháthú sa churaclam ar fad. Tá sé tábhachtach na straitéisí céanna a úsáid ar scoil agus sa bhaile.

Tá féinmheas ard ríthábhachtach do shonas agus do shástacht páiste. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin, go bhfuil an baile agus an scoil feasach ar fhorbairt chomhchuí féinluacha páistí a chur chun cinn. Teastaíonn grá, slándáil agus cúram ó gach páiste. Teastaíonn uathu chomh maith fios a bheith acu go bhfuil meas orthu sa bhaile, ar scoil agus sa seomra ranga.

Treallús

Is é is treallús an cumas a bheith in ann seasamh suas do chearta an duine féin gan a bheith ionsaitheach. Tugtar cead do pháistí sna ceachtanna Bí Sábháilte “Níl” a rá i gcúinsí áirithe. Ar an mbealach seo, féadfaidh siad cabhrú chun treallús páistí a fhorbairt. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú agus caidreamh idir tuismitheoirí agus múinteoirí lena chinntiú go mbíonn comhsheasmhacht idir an baile agus an scoil.

Teorainneacha Pearsanta agus Spás Coirp

Teastaíonn ó pháistí muintearas a bhrath lena spás pearsanta féin agus le spás pearsanta daoine eile. Múintear do pháistí níos óige an bhrí atá le pearsanta agus le príobháideach. Iarrtar orthu chomh maith liosta a dhéanamh de dhaoine ar mhaith nó nár mhaith leo croí isteach a thabhairt dóibh nó lámh a chroitheadh leo, etc. Pléann páistí níos sine an riachtanas atá acu féin agus ag daoine eile le haghaidh spás agus príobháideachas ina saol.

Scileanna Sábháilteachta Eile

Sula gcuirtear scileanna sábháilteachta pearsanta in iúl do pháistí, smaoineamh maith a bheadh ann go mbeadh scileanna sábháilteachta atá ábhartha do réimsí eile mar sábháilteacht ar bhóithre; sábháilteacht uisce; sábháilteacht le cógais leighis, etc. foghlamtha ag páistí cheana féin.

Forbairt Teanga agus Stór Focal

Chun éifeachtacht na gceachtanna Bí Sábháilte a mhéadú, is fearr go mbeadh eolas ag na páistí ar an stór focal a úsáidfear sa cheacht sula dtosaíonn an ceacht.

Bunrialacha a leagan síos

Sula múintear ceachtanna Bí Sábháilte, d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil do mhúinteoirí roinnt ama a chaitheamh ag leagan síos bunrialacha chun an clár a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a áireamh sna rialacha sin: deis a thabhairt do gach duine labhairt; gan cur isteach ar dhaoine; meas ar a chéile agus ar na daoine fásta atá i gceannas; rúndacht; tacaíocht dá chéile; cothrom na féinne.

I ranganna Sóisearacha, d'fhéadfaí cúpla nóiméad ag tús gach ceachta a chaitheamh ag spreagadh daltaí chun úsáid a bhaint as ‘Éisteacht leis an gCorp Uile’. Taispeáin do na páistí conas suí i gcomhair ‘Éisteacht leis an gCorp Uile’.

I dtosach, cuirimid an dá chos ar an urlár, tóin ar an suíochán, lámha ar na glúine, cluasa oscailte, súile ag féachaint anseo, inchinn ar siúl. Anois tá muid ag éisteacht leis an gcorp uile.

Abair leis na daltaí suí mar sin ar feadh roinnt nóiméad chun éisteacht leis an gcorp uile a chleachtadh. Cé na fuaimeanna a chloiseann siad timpeall na scoile?

Tá ‘Amhrán na hÉisteachta’ (Le fonn Frere Jacques) le fáil in acmhainní an mhúinteora do Naíonáin (Acmhainní an Mhúinteora 1).

An Clár a theagasc

Ba cheart an clár Bí Sábháilte a theagasc ina iomláine thar scoilbhliain amháin. Cuireann gach topaic leis an bhfoghlaim ón topaic roimhe. Ba cheart go gcinnteodh múinteoirí, dá bhrí sin go múintear topaicí i ndiaidh a chéile, ag tosú le Topaic 1 agus ag oibriú tríothe chuig Topaic 5.

Ba cheart do scoileanna dá bhféadfaidís é oibriú tríd an gclár in aon bhloc amháin mar go bhfuil sé níos éifeachtaí ar an mbealach sin. Pleanálann go leor scoileanna a gclár oibre OSPS lena chinntiú go bhfuil an clár á dhéanamh ag gach rang ag an am céanna.

Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár Bí Sábháilte chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Mar aon le snáithe eile den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólimirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

'D'fhoghlaim daltaí níos mó agus bhí siad ina máistrí níos fearr ar scileanna nuair a bhain an oiliúint leis na daltaí ag dul i ngleic le cleachtadh gníomhach, agus go ndearnadh cruthú agus atreisiú ina dhiaidh sin...

(Curaclam OSPS, Ich 8)

Cuireann am scoile don OSPS spás ar fáil do mhúinteoirí chun saincheistanna mothálacha a láimhseáil nó chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheistanna nach dtugtar aghaidh orthu i réimsí eile den churaclam. Tugann sé am agus scóip ar leith do dhaltaí chun scileanna áirithe a fhorbairt agus a chleachtadh chomh maith. Agus saincheistanna mothálacha a láimhseáil, luaitear i gcuraclam OSPS

'bheadh sé níos oiriúnaí, b'fhéidir, don mhúinteoir é a eagrú i mbloic ama agus úsáid a bhaint as de réir mar is gá seachas cloí le tréimhse ainmnithe ama i ngach seachtain.'

Tosaíonn gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir an topaic a mhapáil thar an gcuraclam OSPS agus réimsí curaclaim ábhartha eile.

Trí chur chuige comhtháite a úsáid, beidh múinteoirí in ann a bheith solúbtha leis an amchlár le haghaidh am scoile.

Timthriall Dhá Bhliain OSPS

Cuirtear curaclam OSPS i láthair i dtrí shnáithe: *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*. Roinntear gach snáithe ansin ina shnáithaonaid. Tá naoi snáithaonad do gach rang ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó agus deich snáithaonad do gach rang ó Rang a Trí ar aghaidh.

Snáitheanna	Snáithaonaid
Mise	Féinaithne Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)
Mise agus Daoine Eile	Mise agus mo Mhuintir Mo Chairde agus Daoine Eile Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na meán cumarsáide Ag forbairt Saoránachta

Ba cheart snáithe uile an churaclaim OSPS a theagasc thar thimthriall dhá bhliain. Molann CNCM go gcinntíonn múinteoirí go gclúdófaí snáithaonaid ó gach ceann de na trí shnáithe, *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*, i ngach scoilbhliain.

Forbraíonn go leor scoileanna plean dhá bhliana don OSPS, ag roinnt snáithaonaid ionas go mbíonn gach rang, ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé ag clúdach na snáithaonaid chéanna ag an am céanna gach bliain.

Mar aon lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS, cinntíonn an cur chuige seo go gclúdaíonn daltaí na snáithaonaid seo go cuí i ranganna ilghráid.

Dearadh an teimpléad forfheidhmithe seo a leanas don churaclam OSPS lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus gach snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS.

Léargas Ginearálta ar Ábhar chun OSPS a nascadh le Bí Sábháilte athbhreithnithe

Snáitheanna	Snáithaonaid (Bliain 1)	Snáithaonaid (Bliain 2)
Mise	Féinaithne Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)	Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú
Mise agus Daoine Eile	Mo Chairde agus Daoine Eile	Mise agus mo Theaghlac Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na Meán Cumarsáide	Ag Forbairt Saoránachta

Pleananna Ceachta Bí Sábháilte

Tá an clár Bí Sábháilte saincheaptha ó thaobh na forbartha de agus tá ceithre shraith ceachtanna ann atá oiriúnach do na Naíonáin, rang a 1 agus rang a 2, rang a 3 agus rang a 4, agus rang a 5 agus rang a 6. Tá an cur chuige comhoiriúnach le struchtúr an churaclaim OSPS. Roinntear na pleananna ceachta sna cúig Topaic Bí Sábháilte:

- Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte
- Cairdeas agus Bulaíocht
- Tadhaill
- Rúin agus Insint
- Strainséirí

Tá na ceachtanna sa chlár Bí Sábháilte ar nós mar a bheadh fáinne ann, sa mhéid is go dtéitear siar ar ábhar den chineál céanna ag gach leibhéal agus tá na próisis, cur chuige agus faisnéis curtha in oiriúint le riachtanais páistí ag am ar leith agus ag a gcéimeanna éagsúlachta ullmhachta a léiriú.

Struchtúr na gCeachtanna

Ag tús gach topaice, tá bunús na topaice sin, an mhapáil ábhartha do réimse curaclaim eile agus stór focal rithábachtach le fáil. Tá príomhtheachtaireachtaí, acmhainní riachtanacha, rún foghlama, réamhrá, forbairt an cheachta agus conclúid i ngach plean ceachta. Tá moltaí maidir le hobair leanúnach / forleathnúcháin i roinnt ceachtanna. Tá Bileoga Oibre agus Naisc Baile is Scoile le fáil ag deireadh gach topaice.

Tá lipéad agus uimhir ar Acmhainní an Mhúinteora (AM), bileoga oibre (BO) agus Naisc Baile is Scoile (BO/Nasc Baile is Scoile) do gach leibhéal.

Is féidir rochtain a fháil ar an ábhar agus ar na hacmhainní teagaisc don chlár Bí Sábháilte ar an DVD a ghabhann leis agus Acmhainní an Mhúinteora atá ar fáil ar www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clár-Bí-Sabhailte

Cur Chuige agus Modhanna Teagaisc

Mar aon le snáithe den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólímirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

Cuirtear na pleananna ceachta in oiriúint ó thaobh na forbartha de. Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Cuirtear coincheapa i láthair de réir a chéile. Forbraítear go nádúrtha gach ceacht nua bunaithe ar an gceacht roimhe sin.

I rith an chláir, úsáidtear cur chuige agus modhanna teagaisc cosúil le plé ranga/grúpa, foghlaim ghníomhach, obair chiorcail, rólímirt, foghlaim chomhoibritheach, réiteach fadhbanna, scileanna trí ábhar, cluichí comhoibritheacha, drámaíocht agus ealaín, chun rannpháirtíocht dalta a spreagadh agus chun foghlaim a chur chun cinn.

Measúnú

Is éard is measúnú ann ná an próiseas trína dhéantar eolas a bhailiú, a thairgeadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste maidir le forbairt a n-eolas, a gcuid scileanna agus a gcuid meonta. (CNCM, 2007, Lch7).

Tugtar breac-chuntas Measúnú i gCuraclam na Bunscoile - Treoirínte do scoileanna (CNCM) ar chuspóir an mheasúnaithe mar rud ‘a thugann pictiúr’ de dhul chun cinn agus/nó gnóthachtáil páiste thar am. Baineann measúnú, mar sin le faisnéis a bhailiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag páiste agus an fhaisnéis seo a úsáid chun foghlaim an pháiste a bhreisiú. Dirítear sna treoirínte seo ar dhá chur chuige prionsabail le Measúnú:

- Measúnú ar an bhFoghlaim
- Measúnú chun Foghlama

Aithnítear sna treoirilínte measúnaithe nach ‘féidir gach rud a fhoghlaimíonn páiste a mheasúnú agus ní gá’ (CNCM, 2007, lch 12). Anuas air sin, luaitear sa churaclam OSPS:

In an-chuid cásanna tiocfaidh fíor-iarmhairt na foghlama in OSPS i bhfeidhm i bhfad tar éis don pháiste an bhunscoil a fhágáil. Mar an gcéanna, braithfidh gnóthú go leor de chuspóirí an churaclaím ar aibíocht mhothúcháinach, intleachtúil agus shóisialta an pháiste sa chaoi gur féidir difríochtaí móra a bheith sna rátaí dul chun cinn ó pháiste go chéile.

Is deacair freisin measúnú a dhéanamh ar éifeacht teachtaireachtaí pearsanta, sóisialta agus sláinte ar an bpáiste aonair agus ar an dóigh a ndéanann sé/sí an fhoghlaim a inmheánu.’ (Curaclam OSPS, lch 71)

Ach, is féidir roinnt modhanna measúnaithe, bunaithe ar na treoirilínte um Measúnú, lena n-áirítear dírbhreathnú an mhúinteora, comhdháil, ceistiú, mapáil choincheapa, féinmheasúnú, measúnú punainne, agus tascanna a dhearann an múinteoir a úsáid i rith an chláir

Tá tuilleadh faisnéis maidir le measúnú ar fud an churaclaím OSPS le fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/IRISHPDF/SPHE_Cur.IR.pdf

An seans go bhféadfaí nochtadh a dhéanamh

Mar gheall gurb é an teachtaireacht bhunúsach atá sa chlár Bí Sábháilte go bhféadfaidh agus gur cheart do pháistí insint do dhuine fásta má tá fadhb acu, d’fhéadfadh sé go bhfaigheadh páiste sa rang misneach le dul i muinín múinteora. Ba cheart go mbeadh eolas ag múinteoirí ar

Páistí a ngoilleann mí-úsáid orthu

Mar gheall nach mbíonn a fhios ag scoileanna faoi pháistí áirithe a ndearnadh nó a bhfuil mí-úsáid á déanamh orthu faoi láthair, is fearr a bheith cúramach i gcónaí. I gcás ina bhfuil a fhios ag an scoil faoi chás ar leith, tá sé ríthábhachtach go labhrófaí le teaghlach an pháiste. D’fhéadfadh páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu comharthaí anacra a léiriú agus b’fhéidir go mbeidís ag iarraidh é a insint arís nó labhairt faoina mí-úsáid. Is gá socruithe cuí a dhéanamh chuige seo sula dtéitear ar aghaidh leis na ceachtanna. D’fhéadfadh roinnt páistí faoiseamh a chur in iúl tar éis na gceachtanna. D’fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall go dtuigeann siad go ndearnadh an rud céanna le páistí eile. Cabhraítear agus tacaítear freisin le páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu nuair a deirtear leo nach orthu féin a bhí an locht faoin mí-úsáid.

nósanna imeachta na Roinne Oideachais maidir le freagairt go cuí d’amhras nó nochtadh maidir le mí-úsáid páiste.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí ina gné ríthábhachtach i gcur chun cinn agus i dtógáil scileanna saoil. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil nasc díreach ag rannpháirtíocht tuismitheora i gcláir um chosc mí-úsáide le rath níos mó an chláir. Is é is cúis leis seo an chumarsáid mhéadaithe idir an tuismitheoir/cúramóir agus an páiste maidir le saincheistanna mothálacha agus mí-úsáid. Anuas air sin, má bhíonn tuismitheoirí rannpháirteach, tugtar níos mó deiseanna do pháistí chun na coincheapa agus na teachtaireachta a fhoghlaimíonn siad a athrá.

Tá rannpháirtíocht tuismitheora ina cuid ríthábhachtach den chlár i dtéarmaí atreisithe agus leanúnachais.

Áirítear Nasc Baile is Scoile ar gach topaic síos tríd an gclár. Cuirfidh na Nasc Baile is Scoile seo tuismitheoirí / cúramóirí ar an eolas maidir leis na topaicí agus na ceachtanna ar leith atá á bplé sa rang agus conas is féidir na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Tá sé de cheart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh a bpáiste/bpáistí a thógáil amach as aon cheann de ghnéithe goilliúnacha an chláir OSPS, lena n-áirítear Bí Sábháilte más mian leo é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuireann scoileanna tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas go bhfuil Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm sa scoil. Déantar é seo de ghnáth nuair a chuirtear na páistí ar an rolla. Ba cheart do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má bhíonn aon cheistanna acu nó aon imní orthu maidir le rannpháirtíocht a bpáiste sa chlár. Ba cheart do scoileanna oibriú le tuismitheoirí i dtaca le haon cheistanna nó imní a d’fhéadfadh a bheith orthu. Ní gá toiliú tuismitheora a fháil i scríbhinn sula dtosaítear ag teagasc Bí Sábháilte. Ach, i gcás go dtarraingíonn tuismitheoir siar a pháiste ó rannpháirtíocht sa chlár, moltar do scoileanna taifead scríofa a choinneáil de na cúiseanna go ndearnadh sin.

Dea-chleachtas é chomh maith a chur in iúl do thuismitheoirí/chúramóirí sula dtosaíonn ceachtanna trí théacs nó nóta a sheoladh chucu. Féadfaidh tuismitheoirí ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte.

Tagairtí

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile ciorclán 45/2013

Brassard agus Fiorvanti: School Based Child Abuse Prevention Programs, Psychology in the Schools, Iml. 52(1), 2015

Davies, E. A., & Jones, A. C. (2013). Risk factors in child sexual abuse. Journal of Forensic and Legal Medicine, 20(3), 146-150.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2011

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Gnásanna Frithbhulaíochta, 2013; 1.1

An Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2011

McGee H, Garavan R, deBarra M, Byrne J, Conroy R. Tuarascáil SAVI. Sexual Abuse and Violence in Ireland. A national study of Irish experiences, beliefs and attitudes concerning sexual violence. Baile Átha Cliath: Liffey Press, 2002

Kenny et al (2008). Child sexual abuse: From prevention to self-protection. Child Abuse Review, 17, 36–54.

MacIntyre, D. & Carr, A. (1999). The effects of child sexual abuse. Journal of Child Centred Practice, 6, (1), 87-126.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Preventing school bullying of children with Special Educational Needs or Disability. Baile Átha Cliath: NDA.

CNCM, Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (2007)

Putnam, F. W. (2003). Ten-year research update review: Child sexual abuse. Journal of the American Academy of Child & Adolescent Psychiatry, 42(3), 269-278.

Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, Staitisticí Líonra Éigeandála um Éigniú, 2014

Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tuarascáil Bhliantúil 2015

UK Department for Children, Schools and Families, Safeguarding disabled children: practice guidance (2009)

Naisc

An tIonad Frithbhulaíochta

Bunaithe in DCU, déanann an tIonad Frithbhulaíochta (ABC) taighde maidir le bulaíocht ar scoil, bulaíocht san ionad oibre, bulaíocht homafóbach agus cibearbhulaíocht.

<http://www4.dcu.ie/abc/index.shtml>

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Bulaíocht/Gnásanna-Frithbhulaíochta-i-Scoileanna.html>

Barnardos

Eagraíocht a chuireann teiripe ar fáil do pháistí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu, agus seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear comhairleoireacht, do theaghlaigh agus do ghrúpaí a dtéann mí-úsáid i bhfeidhm orthu.

1850 222 300

www.barnardos.ie

Fondúireacht CARI

Cuireann Fondúireacht CARI seirbhís ar fáil d'íospartaigh mhí-úsáide agus do bhaill a gcuid teaghlach nach mbaineann mí-úsáid astu.

1890 924567

<http://www.cari.ie/>

Childline

Seirbhís í seo atá á reáchtáil ag Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) le haghaidh aon pháiste atá i dtrioblóid nó i mbaoil. Tá seirbhís tacaíochta téacs ag Childline – seol teachtaireacht téacs ‘Talk’ chuig 50101. Tá seirbhís téacs speisialta ar fáil do dhaoine óga a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, seol teachtaireacht téacs ‘Bully’ chuig 50101.

1800 66 66 66

www.childline.ie

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí

http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe_chilpro_05_irish.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Child-Protection/cp_procedures_primary_post_primary_2011.pdf

Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath

Tairgeann Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath raon leathan seirbhísí do mhná agus d'fhir a gcuireann éigníú, ionsaí gnéasach, ciapadh gnéasach nó drochúsáid ghnéasach leanaí isteach orthu. Áirítear líne chabhrach náisiúnta a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae leis na seirbhísí.

1800 77 88 88

www.drcc.ie

Clár Bunscoileanna an Gharda Síochána

Tugann Gardaí pobail, mar chuid de Chlár Scoileanna na nGardaí, cainteanna uathu ar a dtugtar “Cumarsáid ar Líne le Meas”, a dhírítear ar dhaltai i rang a 5. Clúdaíonn siad raon topaicí lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus ceisteanna ginearálta slándála agus sábháilteachta ar líne.

Más mian leat teacht ar cheann de na cainteanna sin, déan teagmháil leis an stáisiún Gardaí is gaire duit, nó le Clár Scoileanna na nGardaí ar 01 6663891.

Hotline.ie

Soláthraíonn hotline.ie áis gan ainm don phobal chun ábhar mídhleathach a bhfuil amhras faoi agus a fheictear ar an idirlíon a thuairisciú.

www.hotline.ie

1890 610 710

Líne Chabhrach LGBT

Cuireann an Líne Chabhrach LGBT tacaíocht éisteachta agus seirbhís faisnéise ar fáil do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha mar aon lena dteaghlaigh agus a gcairde.

Teil. 1890 929 539

www.lgbt.ie

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Na hacmhainní a forbraíodh le tacú le Seimineáir agus Seisiúin Faisnéise um Chosaint Leanaí de chuid SFGM. Tá naisc ar na leathanaigh seo chomh maith chuig suíomhanna idirlín agus ábhair éagsúla a thacaíonn le forfheidhmiú iomlán ‘Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí’ agus ‘Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile’ de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

<http://www.pdst.ie/Child-Protection-Guidelines-Home>

Ábhar Tacaíochta Frithbhulaíochta SFGM

Tá sé i gceist go n-úsáidfeadh scoileanna ábhar tacaíochta frithbhulaíochta SFGM le cuidiú chun Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna (2013) a fhorfheidhmiú.

<http://www.pdst.ie/ga/node/4610>

Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfóbach a Chosc: Foilseachán INTO

Atmaisféar scoile atá fáilteach agus dearfach a chruthú chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc

https://www.into.ie/ROI/Publications/GLEN_Irish_Final.pdf

One in Four

Tugann One in Four tacaíocht d'fhir agus do mhná a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu ina bpáistí. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht an mhinicíocht mí-úsáide gnéasaí a laghdú trí idirghabháil i bpríomhréimsí de thimthriall na mí-úsáide.

www.oneinfour.ie

Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann

Is ionad speisialta eolais agus acmhainní ar éigniú agus gach cineál foréigin ghnéasaigh é Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann.

www.rcni.ie

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Acmhainní agus ábhair teagaisc le tacú le múinteoirí bunscoile agus scoileanna i bhforbairt beartas OCG agus i bhforfheidhmiú OCG i gcomhthéacs an churaclaim OSPS.

<http://www.pdst.ie/node/811>

An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta

Comhordaíonn, forbraíonn agus seachadann an tseirbhís seo raon tionscnamh agus struchtúr tacaíocht forbartha gairmiúil do phearsanra scoile atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta.

<http://www.sess.ie>

An Clár Bí Sábháilte

Teach an Droichid, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10.

076 695 5547

www.staysafe.ie

TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Tá an phríomhfhreagracht ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach sábháilteacht agus folláine leanaí a chur chun cinn. Ba cheart an ghníomhaireacht a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn fothaí imní réasúnacha ag duine go bhféadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar pháiste, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á dhéanamh ar pháiste nó go bhfuil páiste i mbail mí-úsáide nó faillí. Tá sonraí teagmhála d'oibrithe sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ar fáil ag:

<http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/>

An Clár Misneach

Acmhainní don seomra ranga le tacú le forfheidhmiú an churaclaim ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Dírítear sa chlár ar oideachas a chur ar dhaoine óga faoi na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid na ndrugaí is coitianta, go háirithe alcól agus nicitín. Leathnaíonn clár athbhreithnithe Misneach an bunfhócas chun gnéithe de shaol páistí a chur san áireamh, cosúil le sábháilteacht phearsanta agus forbairt i dtreo caitheachais.

<http://www.pdst.ie/walktall>

Webwise

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín. Cuireann sé acmhainní teagaisc agus comhairle ar fáil maidir le topaicí sábháilteachta Idirlín, lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus na meáin shóisialta.

www.webwise.ie

Aguisín A

A Thuismitheoir dhil,

Tá sé beartaithe againn clár oideachais ar shábháilteacht phearsanta a theagasc sna seachtainí seo atá amach romhainn dar teideal Bí Sábháilte. Is éard is aidhm leis an gclár Bí Sábháilte scileanna sábháilteachta pearsanta a theagasc do pháistí le go mbeidh siad in ann iad féin a iompar i gcásanna a ghoillfeadh orthu nó a bheadh contúirteach. Pléitear ann i dtosach cásanna coitianta a mbeidh ar bhunús na bpáistí déileáil leo in am éigin, m.sh. iad ag dul ar strae nó duine ag imirt bulaíocht orthu. Múineann an clár do pháistí chomh maith, na scileanna sábháilteachta a bheidh ag teastáil uathu le hiad féin a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach nó chorpartha agus cuirfear béim ar a thábhachtaí agus atá sé aon fhadhbanna a bheadh acu a chur in iúl do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as nó aisti.

Is cuid den churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte é an clár Bí Sábháilte agus iarrtar ar gach bunscoil é a chur i bhfeidhm. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú idir tuismitheoirí agus múinteoirí ionas go n-éireoidh leis an gclár seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeadh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid páistí. B'fhéidir go dtabharfadh do pháiste bileoga oibre abhaile a thabharfaidh treoir duit maidir leis na topaicí atá á bplé sa rang agus conas is féidir leat na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Féadfaidh tú ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers/resources.htm. Téigh i dteagmháil leis an scoil más mian leat an clár a phlé tuilleadh.

Go raibh maith agat as comhoibriú linn,

An Múinteoir Ranga



COMHTHÁTHÚ AR FUD AN CHURACLAIM

Tabhair faoi deara:

Cuirtear tús le gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi a mapáiltear an t-inneachar chuig na snáitheanna agus na snáithaonaid shonracha den churaclam OSPS

Curaclam Teanga na Bunscoile

SNÁITHE:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

TEANGA Ó BHÉAL

Cumarsáid

- Rannpháirtíocht, ag éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile

Tuiscint

- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú

Ag iniúchadh agus ag Úsáid

- Iarratais agus Ceisteanna
- Catagóiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Eolas, míniú agus údar a thabhairt
- Cur síos, tuar agus machnamh

SNÁITHE:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

LÉITHEOIREACHT

Cumarsáid

Rannpháirtíocht

Ag iniúchadh agus ag úsáid

Tuiscint

Na hAmharcealaíona

SNÁITHE:

Snáithaonad:

PÉINT AGUS DATH

Péintéireachtaí a dhéanamh bunaithe ar mhothúcháin agus ar eispéiris sa chuimhne agus teacht ar bhealaí chun cumaí spásúla a léiriú

Ceol

SNÁITHE:

ÉISTEACHT AGUS FREAGAIRT

Snáithaonad:

Éisteacht le ceol agus freagairt dó

- Cumadóireacht chun mothúchán nó an t-atmaisféar a chur in iúl
- Cumas an pháiste a fhorbairt chun idéanna, mothúcháin agus eispéiris a chur in iúl trí cheol mar dhuine aonair agus i gcomhar le daoine eile

Drámaíocht

SNÁITHE:

DRÁMAÍOCHT CHUN MOTHÚCHÁIN, EOLAS AGUS IDÉANNA A INIÚCHADH D'FHONN TUISCINT A CHOTHÚ

Snáithaonad:

Iniúchadh agus déanamh Drámaíochta

- Páirt a ghlacadh go cuí agus gan stró i gcomhthéacs ficseanach drámata, bíodh lucht féachana aige/aici nó ná bíodh
- Scóip an léirithe i ról agus carachtair a leathnú chun go gcuimseofaí an cumas glacadh le mionteagasc a chinnfeadh an múinteoir, an grúpa nó an páiste féin agus é a choimeád ar siúl
- Cuidiú i bpleanáil gníomhaíochta drámata a chuimseodh teannas a d'oirfeadh don téama a bheadh á iniúchadh

Snáithaonad:

Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

- An gaol idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a fhoghlaim trí mheán na drámaíochta;
- (Iniúchadh a dhéanamh ar an mbulaíocht trí dhrámaíocht)

Eolaíocht

Snáithaonad:

An Bheatha Dhaonna

- Tuiscint a fhorbairt ar na hathruithe fisiceacha a thagann ar fhireannaigh agus ar bhaineannaigh araon le linn caithrithe

Topaic 1

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn raon mothúchán difriúil againn ar fad fiú mar fhreagra ar an gcás céanna. De réir mar a éirímid níos sine, foghlaimímid conas ár mothúcháin a láimhseáil ar bhealaí difriúla agus oiriúnacha. Is scil saoil thábhachtach é tuiscint a fháil ar mhothúcháin agus iad a chur in iúl agus a láimhseáil. Nuair a dhéantar iniúchadh ar conas a mhothaíonn daoine eile forbraítear ionbhá.

Sa topaic seo, foghlaimíonn na páistí go dtugann a gcuid mothúchán treoir dóibh maidir lena dtaithí saoil, agus cén chaoi idirdhealú a dhéanamh idir a bheith ag mothú sábháilte agus neamhshábháilte le go bhfreagróidh siad ar shlí a chothóidh a gcuid sábháilteachta agus cosanta féin.

Tá an ceart ag gach páiste a bheith sábháilte. Tá sé sin cuimsithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL). Sa topaic seo, faigheann na páistí taithí ar CNACL agus forbraíonn siad an tuiscint go mbaineann freagracht phearsanta agus freagracht ghrúpa le gach ceart.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Féinaithne

Ag forbairt féinmhuiníne

- Forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcumas tuairimí, smaointe agus idéanna pearsanta a chur in iúl, agus éisteacht le tuairimí daoine eile agus, meas a bheith aige/aice orthu, machnamh a dhéanamh orthu agus labhairt go criticiúil agus go cuiditheach fúthu

Snáithaonaid:

Ag Tabhairt Aire do mo Chorp

Sláinte agus Folláine

- Cúiseanna a bhaineann le himní phearsanta a aithint, agus straitéisí iomchuí chun déileáil leo a shainaithint

Snáithaonaid:

Ag Fás agus ag Athrú

Braistintí agus Mothúcháin

- An cumas agus an mhuinín a ghnóthú chun raon braistintí, go háirithe iad siúd ar deacair iad a nochtadh, a phlé agus a iniúchadh
- An tslí chun braistintí éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach oiriúnach a phlé agus a chleachtadh
- Tuiscint ar an gcaoi a gcabhraíonn mothúcháin chun tuiscint a fháil air/uirthi féin

Snáithaonaid:

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloí leo
- Staideanna agus áiteanna ina bhféadfaí sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint
- Raon de staideanna agus de chineálacha iompraíochta contúirtí a phlé agus bealaí chun na fiontair seo a sheachaint nó a laghdú a mheasúnú agus a luacháil chomh maith le himpleachtaí na fiontraíochta

- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/í i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis
- An ról atá ag gach duine maidir le daoine eile a choimeád slán a phlé agus a léirthuisint agus ócáidí a bhféadfadh gníomhartha dá c(h)uid sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol a aithint

Snáithaonaid:

Ag Déanamh Cinntí

- Foinsí cabhrach chun fadhbanna a réiteach a aithint
- A aithint go mbaineann iarmhairtí le cinntí agus nach ndéanann gach duine an cinneadh céanna i gcónaí
- Straitéis shimplí cinnteoireachta a phlé agus a chleachtadh

Stór focal

Focail mhothúchán:

Naíonáin	Rang a 1/2	Rang a 3/4	Rang a 5/6
Ar bís	Scanraithe	Compordach	Trua
Sona	Sásta	Náirithe	Ionbhá
Scanraithe	Míshásta	Díograiseach	Trua
Trína chéile	Gortaithe	Amaideach	Uaigneach
Brónach	Buartha	Ciontach	In ísle brí
Feargach	Suaimhneach	Imníoch	Trína Chéile
		Éadmhar	Ríméadach
		Frustachas	Mífhoighneach
		Gealgháireach	Fágtha ar lár
		Bómánta	Lúcháireach

Topaic 1 Ceacht 1


Mothúcháin

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nótaí don Mhúinteoir:

Déan Banc Focal de stór focal mothúcháin de réir mar a théann na ceachtanna ar aghaidh. D'fhéadfaí an Banc Focal seo a fhágáil ar taispeánt leathbhuan agus d'fhéadfaí focail a chur leis de réir mar a thiocfaidh focail mhothúcháin nua chun cinn.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- A thuiscint gur féidir leo raon mothúcháin difriúil a mhothú fiú mar fhreagra ar an gcás céanna
- A thuiscint, de réir mar a éirímid níos sine, go bhfoghlaímimid conas ár mothúcháin a láimhseáil ar bhealaí difriúla
- A fhoghlaim, má bhímid imníoch nó buartha, nó má bhímid trína chéile, gur cabhair é labhairt le duine éigin.

Acmhainní

AM1: An Scéal Céanna – Mothúcháin Dhifriúla

BO 1: Mothúcháin

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu, beimid ag smaoineamh agus ag labhairt faoi mhothúcháin dhifriúla agus conas a fhreagróimid dóibh.

An rang a éascú chun tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar raon focal a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin amhail sonas, fearg, aoibhneas, frustachas, brón, uaigneas, buairt, eagla, imní, mífhoighne, bheith trína chéile, eisiata, fágtha amuigh, éagóir déanta air/uirthi, sásta, imníoch, neirbhíseach, corraithe, ar bís.

Forbairt

AM 1- An Scéal Céanna – Mothúcháin Dhifriúla: B'fhéidir go dteastódh uait an scéal/na hainmneacha a athrú lena n-oiriúnú do chomhthéacs an ranga.


Tráthnóna Dé hAoine a bhí ann agus tháinig an príomhoide isteach i rang a 6 le torthaí an chomórtais tallainne. D'fhógair sí gurb í Fiona an buaiteoir foriomlán dá taispeántas iontach damhsa. Bhí ríméad ar an múinteoir agus lig an rang uile liú astu. Bhí áthas an domhain ar Fiona ach bhí sí brónach chomh maith mar go bhfuair a seanmháthair bás an tseachtain seo a chuaigh thart go díreach agus ní fheicfeadh sí an corn. Bhí éad ar Karen – shíl sí go raibh a damhsa Gaelach i bhfad níos fearr. Bhí an-áthas ar Maya dá cara. D'amharc Priscilla suas chun na bhflaitheas agus dúirt sí “damhsa amaideach” faoina hanáil. Bhí ísle brí ar Ella – mhothaigh sí go raibh sí go hamascaí nuair a thug sí iarraidh damhsa agus níor bhuaigh sí a dhath riamh. Bhí imní agus eagla ar Dheirdre go dtosódís ag troid ar an mbealach abhaile i ngeall air.

Déan iniúchadh leis an rang ar an réimse mothúcháin sa scéal thuas:

Cén fáth a raibh mothúcháin éagsúla ag na cailíní faoin gcás céanna, dar leat?

Cén chéad rud eile a d'fhéadfadh gach cailín a dhéanamh?

Cuimhnigh gur féidir le daoine mothúcháin éagsúla a bheith acu faoin gcás céanna. An rud is tábhachtaí ná an dóigh a gcuireann siad na mothúcháin sin in iúl.



BO 1 - Mothúcháin: larr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar na cásanna atá léirithe sa bhileog oibre thíos – conas a mhothóidís agus cad a dhéanfaidís. Ba cheart an bhileog eolais a chomhlánú ar bhonn aonair agus plé ranga uile faoi stiúir an mhúinteora a dhéanamh ansin.

Cásanna	Cén dóigh a mothóinn?	Cad a dhéanfainn?
Tá sé eagraithe ag do chuid cairde dul chun an bhaile mhóir tráthnóna Dé Sathairn ach ní thugann siad cuireadh duitse.		
Insíonn an múinteoir duit go bhfuil obair iontach déanta agat.		
Tugann tú bronntanas do dhuine éigin dá mbreithlá agus ní ghabhann siad buíochas leat.		
Déanann tú an-iarracht fadhb Mhatamaitice a réiteach, ach ní féidir leat í a réiteach in aon chor.		
Bhí tú ag traenáil go crua ach níor roghnaíodh tú don chluiche Dé Sathairn.		
Tá tú i ndiaidh colláis an-deas a a dhéanamh i gceacht Ealaíne agus mothaíonn tú an-bhródúil as. Deir duine amháin as do ghrúpa a bhíonn ag cáineadh daoine eile i gcónaí “tá sé uafásach”.		

A chur i gcuimhne do dhaltáí, de réir mar a éirímid níos sine, go bhfoghlaimímid conas ár mothúcháin a láimhseáil ar bhealaí difriúla. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh racht feirge ag páiste 3 bliana d'aois cionn is nach bhfuair sé na mílseáin a bhí sé ag iarraidh, ach ní dhéanfaidh sé an rud céanna dá mbeadh sé níos sine. Foghlaimímid bealaí oiriúnacha agus folláine le déileáil leis an dóigh a mothaímid. Foghlaimíonn daoine bealaí mífholláine uaireanta lena mothúcháin a chur in iúl, mar shampla, daoine a bhualadh nuair a bhíonn fearg orthu. A chur i gcuimhne do dhaltáí má bhíonn siad buartha, imníoch nó trína chéile, go gcuideoidh sé leo labhairt le duine éigin.

Spreag na daltaí le fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn an corp agus gnúiseanna na mothúcháin a bhíonn againn. Mar shampla, uaireanta bímid ag caoineadh nuair a bhíonn brón orainn; b'fhéidir go mhothóimis snaidhm sa bholg nuair a bhímid neirbhíseach nó ar bís; b'fhéidir go mbeadh na lámha nó an corp ar fad ar creathadh nuair a bhíonn faitíos orainn.

Conclúid

A chur i gcuimhne do dhaltáí gur féidir linn mothúcháin dhifriúla a bheith againn ar fad fiú sa chás céanna. An rud atá tábhachtach ná an dóigh a bhfreagraímid do na mothúcháin.

Topaic 1 Ceacht 2

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag

www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Mothúcháin shábháilte a shainaithint, a thuiscint agus cur síos a dhéanamh orthu
- Mothúcháin neamhshábháilte a shainaithint, a thuiscint agus cur síos a dhéanamh orthu
- A bheith ar an eolas faoi chásanna a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte nó contúirteach.

Acmhainní

AM 2: An Cnag ar an Doras

AM 3: Mothaím Sábháilte Nuair...

3 Luascháirta: Aontaím, Ní aontaím, Níl a Fhios Agam

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Déanaimid machnamh agus labhróimid inniu faoi amanna nuair a mhothaímid sábháilte agus amanna nuair nach mothaímid sábháilte.

Sna seachtainí atá amach romhainn beimid ag foghlaim faoinár gceart muid féin a chosaint ó chontúirt agus beimid ag déanamh a lán cainte faoi.

Forbairt

AM 2 - An Cnag ar an Doras larr ar an rang éisteacht go cúramach leis an scéal seo a leanas.

Tá Pádraig 12 bhliain d'aois. Tá sé i rang a 6 agus tá sé ina chónaí lena Mham in eastát tithíochta ar imeall an bhaile. Tá dúil mhór ag Pádraig a bheith ina chónaí ansin. Tá a chairde agus a chol ceathracha agus a dteaghlaigh ar fad ina gcónaí in aice láimhe. Tá a sheanmháthair ina cónaí cúig dhoras síos uaidh agus, ó bhí a hobráid mhór aici an mhí seo caite, tá cuidiú de dhíth uirthi le dul suas an staighre agus le dul isteach sa leaba san oíche. Caithfidh Mam Phádraig cuidiú a thabhairt gach oíche Aoine.

D'imigh Mam léi an Aoine seo mar is gnách, thart ar 9.00. Chuaigh Pádraig suas a luí go gairid i ndiaidh dá Mham imeacht toisc go raibh cluiche aige go luath maidin Dé Sathairn. Bhí sé tuirseach agus thit sé ina chodladh láithreach. Mhúscaíl sé go tobann ansin le cnag mór ar an doras tosaigh. Ní raibh a fhios aige fiú cén t-am a bhí sé ach d'amharc sé ar a chlog agus chonaic sé go raibh sé leathuair tar éis a haon déag. Scairt sé ar a Mham ach ní bhfuair sé freagra ar bith agus, imní ag teacht air, d'éirigh sé amach as an leaba, chuaigh sé síos chuig a seomra go ciúin agus chonaic sé nár tháinig sí abhaile fós, rud a chuir díomá air. Bhí sé leis féin sa teach.

Chuala Pádraig an cnag arís. Bhí an-eagla ar fad air anois agus bhí imní air gur tharla rud éigin dá Mham. Ní bhíodh sí ar shiúl mórán níos faide ná uair an chloig choíche nuair a d'imíodh sí le cuidiú le Mamó. Thug sé iarraidh glaoch ar a Mham ar a fón póca ach bhí a chadhnra ídithe. Thug sé sracfhéachaint trí na cuirtíní agus chonaic sé carr coimhthíoch taobh amuigh.



Ní thiocfadh leis smaoineamh cad le déanamh. Bhí sé fágtha ina staic. Bhuaill cloigín an dorais go hard agus scairt duine éigin, “An bhfuil duine ar bith sa bhaile?” Lean cibé duine a bhí ag an doras ag bualadh an chloigín ar feadh tamall fada, dar leis, ach stop sé ar deireadh, agus ansin chuala Pádraig inneall an chairr ag tosú agus ag tiomáint ar shiúl. Bhí sé réidh le dul ag caoineadh agus bhí eagla air an solas a lasadh nó dul síos an staighre ar fhaitíos go dtiocfadh an duine a bhí ag cnagadh ar an doras ar ais. Shuigh sé suas de phreab ina leaba agus bhí a chroí ag bualadh chomh hard sin gur mhothaigh sé go bpléascfadh sé.

I ndiaidh an leathuair is faide ina shaol, chuala Pádraig a Mham ag oscailt an doras tosaigh. Rith sé síos an staighre go gasta. Bhí an-áthas agus an-fhaoiseamh air a Mham a fheiceáil ach ag an am céanna bhí an-fhearg air léi nár tháinig sí abhaile ag an ngnáth-am agus go raibh sé chomh scanraithe agus gur mhothaigh sé chomh neamhshábháilte mar gheall air sin.

Chuaigh Mam isteach sa chistin agus rinne sí muga mór seacláide te dó agus, de réir mar a shocraigh sé síos, d’inis sí dó nach raibh cuimhne ag Mamó cá háit ar chuir sí a bosca táibléad agus gur ghlac sé tamall fada orthu é a fháil.

Dúirt Mam le Pádraig go raibh an ceart ar fad aige gan an doras a oscailt nuair nach raibh a fhios aige cé a bhí ansin. Fiú agus Mam sa bhaile anois, ghlac sé tamall maith ar Phádraig titim ina chodladh an oíche sin.

Ní bhfuair siad amach riamh cé a bhí ag cnagadh ar an doras an oíche sin.

Cuir ceist ar an rang faoi conas a mhothóidís agus a dhéanfaidís dá mbeadh siad in áit Phádraig.

AM 3 – Mothaím Sábháilte Nuair: Sa scéal, mhothaigh Pádraig sábháilte ar dtús, ansin mhothaigh sé neamhshábháilte nuair a tháinig strainséir go dtí a dhoras nuair a bhí a Mham amuigh. Tá amanna agus cásanna eile ann nuair a mhothóimis sábháilte agus nuair a mhothóimis neamhshábháilte.

Cuir póstaer le Aontaím, Ní aontaím, Níl a Fhios Agam suas in áiteanna feiceálacha sa seomra ranga. (Féach Treoirínte do Mhúinteoirí OSPS, Ich. 82, Eiseamláir 18)

Léigh amach na ráitis seo a leanas, ceann ar ceann, anois.

Mothaím sábháilte nuair:

- A bhreathnaím ar scannán uafáis
- A bhím le mo chairde ar an Satharn.
- A théim ar líne
- Atáim sa chlós ag am sosa
- A théim ag ceolchoirm le mo chol ceathrar
- Atáim ag siopadóireacht sa bhaile mór
- Atáim ag siúl abhaile ó theach mo charad sa dorchadas
- A chastar madra orm.

Iarr ar na páistí seasamh ag taobh an phóstaer a léiríonn a dtuairim.

Pléigh na roghanna éagsúla is féidir leis na páistí a dhéanamh agus tabhair deiseanna chun béim a chur ar cad le déanamh nuair a mhothaíonn siad neamhshábháilte: Imigh, faigh cabhair, inis. Tabhair faoi deara nach mbeidh na mothúcháin chéanna ag gach duine.

Conclúid

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil sé tábhachtach go n-aithneoidimid ar fad cásanna sábháilte agus neamhshábháilte, agus gur cheart dúinn fios a bheith againn cad le déanamh sna cásanna sin.

Topaic 1 **Ceacht 3**

An Ceart atá ag Páiste a bheith Sábháilte

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Dul i dtaithí ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL)
- A thuiscint go mbaineann freagracht le gach ceart

Acmhainní

AM 4: Nasc chuig beochan na Comhghuaillíochta um Chearta Leanai faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

BO 2: An Ceart atá ag Páiste a bheith Sábháilte

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Tá sé de cheart ag gach páiste iad a choinneáil slán ó chontúirt. Tá an ceart sin cuimsithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) agus beimid ag foghlaim inniu faoin gCoinbhinsiún tábhachtach seo.

Sa cheacht deireanach labhraíomar faoi bheith ag mothú sábháilte agus neamhshábháilte. Tá sé de cheart ag gach páiste cosaint a bheith acu agus mothú sábháilte.

Tá a lán ceart ag páistí agus ag daoine fásta. Déantar cearta an pháiste a chosaint leis an mBunrecht agus le dlíthe na tíre agus le comhaontuithe idirnáisiúnta chomh maith amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL). Cuimsítear an ceart sa CNACL atá ag gach páiste a bheith coinnithe slán ó chontúirt agus an ceart páirt a ghlacadh sna cinntí a bhaineann lena sláinte agus lena bhfolláine.

Forbairt

AM 4 – Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh: Taispeáin beochan gairid na Comhghuaillíochta um Chearta Leanai faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh do na páistí, atá ar fáil ag: https://youtu.be/y_2nA49p3yw

Tá míniú i scríbhinn ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar fáil le léamh ar a leathanach gréasáin chomh maith: <http://childrensrights.ie/childrens-rights-ireland/un-convention-rights-child>

Lean é sin le plé gairid ranga uile, agus cuir ceist ar na páistí cá mhéad ceart a bhfuil cuimhne acu air.

Bileog oibre 2/HSL – An Ceart atá ag Páiste a bheith Sábháilte: Scaip Bileog Oibre 2. Roinn an rang ina ghrúpaí de cheathrar nó de chúigear. Nuair a bheidh go leor ama ag na grúpaí machnamh a dhéanamh ar liosta chearta an linbh, iarr orthu na cúig cinn is tábhachtaí dóibh a shainiú. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí ligean do gach páiste sa ghrúpa tic a chur in aice lena gcúig cinn is tábhachtaí agus ansin is féidir leis an ngrúpa na vótaí a chomhaireamh chun na cearta ar tugadh an t-aicmiú is airde dóibh a fháil.

Mar mhalairt air sin, tabhair an rang ar ais le chéile agus iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt faoi na cearta a d'aithin siad agus iarr ar an rang ina iomláine ansin vótáil do na cúig cinn is tábhachtaí. Spreag plé ar na cearta ar thug siad tús áite dóibh.

A chur i gcuimhne do dhaltaí, go mbaineann freagracht le gach ceart. A fháil amach ó na páistí na freagrachtaí pearsanta a bhaineann le cearta áirithe amhail:

- Tá an ceart chun súgartha ag páistí, mar sin tá freagracht phearsanta ag gach duine againn go ligfimid do pháistí eile súgradh linn
- Tá an ceart chun oideachais ag gach páiste, mar sin tá freagracht againn a chinntiú nach gcuirfear isteach ar fhoghlaím páistí eile.
- Ba cheart go mbeadh cead ag páistí a dteanga féin a labhairt agus a reiligiún agus a gcultúr féin a chleachtadh, mar sin ba cheart dúinn meas a bheith againn ar chultúir agus ar reiligiúin eile.

An ceart atá ag
páiste a
bheith sábháilte

Conclúid


Tá an ceart ag páistí a bheith sábháilte, mar sin tá an fhreagracht ar gach páiste a chinntiú go bhfuil páistí ina scoil sábháilte – nach ngortófar iad nuair atá siad ag súgradh, nach ndéanfar bulaíocht orthu nó nach bhfágfar ar lár iad.



Bileog oibre 2/HSL – An Ceart atá ag Páiste a bheith Sábháilte: Ba cheart do dhaltaí cóip den bhileog eolais seo a thabhairt abhaile leo chun é a phlé agus a chomhlánú le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Gníomhaíocht Ealaíne Fairsingithe

Déanann na páistí póstaer ar a dtaispeántar Cearta an Linbh de réir mar atá siad curtha in ord tosaíochta ag an rang.



BILEOG OIBRE 1

Rang a 5 agus Rang a 6

Mothúcháin

Cásanna

CONAS
a mhothóinn?

CAD
a dhéanfainn?

Tá sé eagraithe ag do chuid cairde
dul chun an a Dé Sathairn
ach ní thugann siad cuireadh duitse

Insíonn an múinteoir duit go
bhfuil obair iontach
déanta agat

Tugann tú bronntanas
do dhuine éigin dá mbreithlá agus ní
gabhann siad buíochas leat

Déanann tú an-iarracht fadhb
Mhatamaitice a réiteach, ach ní féidir
leat í a réiteach in aon chor

Tá tú i ndiaidh colláis an-deas
a dhéanamh i gceacht Ealaíne
agus mothaíonn tú an-bhródúil as.
Deir duine amháin as do ghrúpa a
bhíonn ag cáineadh daoine eile i
gcónaí “tá sé uafásach”





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 2

Rang a 5 agus Rang a 6

An ceart atá ag páiste a bheith sábháilte

Cad iad na cearta is tábhachtaí, dar leat?

Marcáil na cúig cinn is tábhachtaí anseo – agus Uimh. 1 ar an gceann is tábhachtaí dar leatsa.

Ceart	Aicmiú
Tá ceart chun beatha ag gach páiste	
Tá ceart ag gach páiste ainm agus náisiúntacht a bheith acu	
Tá an ceart ag páistí a bheith lena dteaghlaigh nó leo siúd a thabharfaidh an aire is fearr dóibh	
Tá an ceart ag páistí go leor bia agus uisce ghlain a bheith acu	
Tá an ceart ag páistí caighdeán maireachtála sásúil a bheith acu	
Tá an ceart ag páistí cúram sláinte a bheith acu	
Tá an ceart ag páistí faoi mhíchumas cúram agus oiliúint speisialta a fháil	
Tá an ceart chun súgartha ag páistí	
Tá an ceart chun oideachais saor in aisce ag páistí	
Tá an ceart ag páistí go gcoinneofar sábháilte iad agus nach ngortófar iad nó nach ndéanfar faillí orthu	
Níor cheart páistí a úsáid mar oibrithe saoire nó mar shaighdiúirí	
Ba cheart go mbeadh cead ag páistí a dteanga féin a labhairt agus a reiligiún agus a gcultúr féin a chleachtadh	
Tá an ceart ag páistí a dtuairim a thabhairt agus teacht le chéile lena dtuairimí a chur in iúl	

Pléigh cearta páistí le do pháiste.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 2

Cairdeas agus Bulaíocht

Réasúnaíocht na Topaice:

Sa topaic seo, déanann páistí iniúchadh ar luach an chairdis agus ar a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile. Sula gcaithimid súil ar thopaic na bulaíochta, tugann béim ar chairdeas agus iompar dearfach deis do dhaltaí cineálacha iompair a fhiosrú ina mbraithimid go bhfuilimid sábháilte, go bhfuil meas orainn agus go bhfuilimid san áireamh.

Uaireanta téann cairdeas in aimhréidh agus déantar bulaíocht ar dhaoine nó téann siad i mbun iompar bulaíochta. Sna ceachtanna seo cabhraítear le páistí teacht ar thuiscint maidir le cad is bulaíocht ann agus cén tionchar a bhíonn aici ar dhaoine eile.

Is féidir bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine ar bhealaí difriúla, go fisiciúil, go briathartha agus go mothúchánach.

“Is é is bulaíocht ann iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile”. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013)

Déantar bulaíocht ar dhaoine ar chúiseanna éagsúla, mar shampla, meastar nach bhfuil siad cosúil le gnáthdhaoine. Áirítear leis an mbulaíocht sin atá bunaithe ar fhéiniúlacht an bhulaíocht chiníoch agus homafóbach/thrasphóbach, agus bulaíocht orthu siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Aithnítear go bhfuil an méid sin le sonrú sa tsochaí san am i láthair agus tugann na ceachtanna deis do pháistí tuiscint a fháil agus straitéisí maidir le déileáil a fhorbairt.

Baineann páistí an-úsáid as na meáin shóisialta agus is éasca dóibh teacht orthu agus, mar thoradh air sin, d’fhéadfadh sé go ndéanfar bulaíocht orthu ar líne nó d’fhéadfadh sé go rachaidh siad i mbun iompar bulaíochta ar líne iad féin. Tugtar aghaidh ar a thábhachtaí atá sé straitéisí a fhorbairt chun an chibearbhulaíocht a chosc agus a láimhseáil.



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS DAOINE EILE

Mo chairde agus daoine eile

- Iniúchadh a dhéanamh ar thábhacht an chairdis agus an chaidrimh le daoine eile agus a thuiscint gur cuid den phróiseas nádúrtha fáis é cairdeas a dhéanamh le daoine agus cairde a athrú
- Bulaíocht agus an tionchar atá aici a aithint, a phlé agus a thuiscint
- An tslí ar féidir le daoine déileáil le bulaíocht a bheith á himirt orthu féin nó ar dhaoine eile a iniúchadh agus a phlé
- Plé a dhéanamh ar an seans go b'fhéadfadh an páiste féin a bheith ina bhulaí

Snáithaonaid:

Caidreamh le daoine eile

- Éisteacht go haireach le daoine eile agus urraim a thabhairt don mhéid a bhíonn le rá ag gach duine
- Na slite éagsúla ar féidir teanga a úsáid chun daoine a scoitheadh agus chun leithcheal a dhéanamh orthu a scrúdú

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus cosaint

Sábháilteacht phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloí leo
- Daoine, áiteanna agus staideanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint
- Raon de staideanna agus de chineálacha iompraíochta contúirtí a phlé agus bealaí chun na fiontair seo a sheachaint nó a laghdú a mheasúnú agus a luacháil chomh maith le himpleachtaí na fiontraíochta
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/í i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis
- An ról atá ag gach duine maidir le daoine eile a choimeád slán a phlé agus a léirithiú agus ócáidí a bhféadfadh gníomhartha dá c(h)uid sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol a aithint

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS AN DOMHAN MÓR

Oideachas na meán cumarsáide

- Éirí feasach ar na cineálacha éagsúla fógraíochta, a cuspóirí agus na teachtaireachtaí a chuireann sí chun cinn

Stór focal

Naíonáin	Rang a 1/2	Rang a 3/4	Rang a 5/6
Cairde(as)	Meas	Dea-bhéasa	Réiteach
Roinnt	Agallamh	Macánta	Truamhéalach
Smaointeach	Cibearbhulaíocht	Dílis	Maslach
Ag éisteacht	Comhaontú	Do-ghlactha	Mearscaipthe
Ag cabhrú choirp	D'aon turas	Toradh	Comharthaíocht
Sealaíocht	Cuir as an áireamh	Fisiciúil	Ceannasach
Bí cothrom	Cuir san áireamh	Briathartha	Cuir suas le
Bulaíocht	Neamhaird a thabhairt ar	Mothúcháinach	
D'aon ghnó	Bagair	Féiniúlacht	
Goilleann ar	Ráfla	Ag déanamh scigaitrise	
Eagla a chur ar		Ciníochas	
Níos mó ná uair amháil		Míchumas	
Ag comhoibriú		Homaíóbach	
Achasáin		Eitneach	
		Náisiúntacht	
		Breathnóireacht	
		Tír dhúchais	
		Inscne	
		Leispiach	
		Aerach	

Topaic 2 Ceacht 1

Cairdeas

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Luach an chairdis a thuiscint
- Iníúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir cairde a dhéanamh agus a choinneáil
- A thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile a thuiscint.

Acmhainní

BO 3: Is ionann Cara Mór agus duine...

AM 5: Cad a dhéanfa? – Cásanna

Gníomhaíocht Fairsingithe: Pónaireáin nó liathróidí boga

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun smaoineamh agus plé a dhéanamh ar chairdeas, cad is cara mór ann, conas a choinnímid cairde agus conas a réitimid easaontas idir cairde.

Bileog Oibre 3: Is ionann Cara Mór agus duine... – Tabhair cúpla nóiméad do gach dalta chun an bhileog oibre seo a chur i gcrích agus faigh aiseolas ón rang uile ina dhiaidh sin.

Forbairt

AM 5: Cad a dhéanfa? – Píoc ceann amháin díobh seo a leanas:

- Roghnaigh cás amháin agus iarr ar leanaí deonacha rólghlacadh a dhéanamh. Déan plé ar réitigh fhéideartha ar an gcoimhlint atá faoi chaibidil – leis na rannpháirtithe i dtús báire agus leis an rang ar fad ina dhiaidh sin. Déan rólghlacadh ar réiteach ar an gcoimhlint sin anois agus pléigh leis an rang é.
- Tabhair cás do gach grúpa lena mheas agus/nó le rólghlacadh a dhéanamh air agus faigh aiseolas maidir le réitigh fhéideartha ar chásanna.

Iarr moltaí ar na daltaí maidir le rudaí praiticiúla is féidir leo a dhéanamh lena chinntiú go mbraitheann gach duine sa seomra ranga go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad san áireamh, mar shampla, abair 'Dia duit' agus beannaigh do dhaoine eile; labhair le daoine eile; fan socair le linn argóinte; déan machnamh ar thuairim duine eile; bí dearfach; bí macánta ach ná bí goilliúnach; comhoibriú; éist le daoine eile; ná glac go dona le cailleadh; ná ceap go mbeidh daoine eile cosúil leatsa; bí fíor; tabhair cabhair; ná bí tiarnúil; ná bí ag cúlchaint ar dhaoine eile, etc.

Conclúid


Scríobhann páistí roinnt rudaí praiticiúla ar chártaí is féidir leo a dhéanamh (mar atá thuas). Taispeántar iad go breá soiléir sa seomra ranga faoin gceannteideal 'An chaoi a mbraitheann gach duine go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil siad san áireamh'.

Topaic 2 Ceacht 2

Cad is Bulaíocht ann?

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht?



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- A bhfuil i gceist agus nach bhfuil i gceist le bulaíocht a aithint
- A thábhachtaí atá sé insint do dhuine éigin a thuiscint
- Éirí eolach ar shainmhíniú na bulaíochta.

Acmhainní

AM 6: Maidir le bulaíocht...

BO 4: Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht?

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun labhairt agus foghlaim faoin mbulaíocht.

Déan plé gairid arís ar na príomhthéamaí ón gceacht roimhe seo – cairdeas agus ag réiteach go maith le daoine eile.

Cloisimid go leor faoi bhulaíocht agus faoi dhaoine atá thíos le hiompar bulaíochta. Mar sin de, is tábhachtach go bhfuil tuiscint shoiléir againn ar a bhfuil i gceist le bulaíocht.

Forbairt

Tarlaíonn drochrudaí nó rudaí gránna dúinn corruair, mar shampla, d'fhéadfadh duine éigin tú a bhrú agus a leagan fiú le linn dóibh a bheith ag rith, ach seans nach mbeadh i gceist ach timpiste. Chomh maith leis sin, má bhíonn duine éigin ar buile, thiocfadh leis/léi rud éigin goilliúnach a rá nó a dhéanamh uair amháin. Bheadh brón air/uirthi ina dhiaidh sin, áfach, agus b'fhéidir go mbeadh aiféala nó náire air/uirthi freisin. Níl sé deas nuair a tharlaíonn a leithéidí ach ní bulaíocht é sin. Breathnóimid ar an difríocht atá idir bulaíocht agus drochrudaí eile a tharlaíonn dúinn. An bhfuil focail againn chun cur síos a dhéanamh ar bhulaíocht?

AM 6: Maidir le bulaíocht...

GOILLEANN SÍ AR DHAOINE – is féidir léi dochar a dhéanamh don chorp, do na mothúcháin nó d'earraí.

TARLAÍONN SÍ ARÍS AGUS ARÍS EILE – tarlaíonn sí níos mó ná uair amháin.

DÉANTAR D'AON TURAS Í – tá sé i gceist ag duine go ngoillfí ort nuair atá rún aige/aici é a dhéanamh.

Ní mór dúinn a chuimhneamh freisin nach gá go mbeadh duine amháin ag caitheamh go holc le duine eile i gceist le bulaíocht – d'fhéadfadh duine amháin nó drong a bheith i gceist.

BO 4: Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht?

Tá liosta ráiteas ar an mbileog seo faoin mbulaíocht, cuid acu atá fíor agus cuid acu nach bhfuil. I mbeirteanna/i ngrúpaí, beartaíonn na daltaí cé acu a shíleann siad atá fíor agus cé acu nach bhfuil. Is é seo an t-am chun foghlaim faoin mbulaíocht agus, dá bhrí sin, ba chóir a rá leis na daltaí gan a bheith ag imní mura bhfuil siad ar fad ar aon intinn lena chéile.

Glaigh amach gach ráiteas ceann ar cheann agus déan plé ar na torthaí.

De rogha air sin, d'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht 'Aontaím/ Ní Aontaím/Níl a fhios agam'.

1. Níl sa bhulaíocht ach pleidhcíocht.

Tá níos mó i gceist le bulaíocht ná pleidhcíocht. Píocann bulaithe ar dhaoine eile, éiríonn siad feargach agus úsáideann siad foréigean agus imeaglú. Goilleann bulaíocht ar dhaoine agus tá sí níos measa ná pleidhcíocht.

2. Buachaillí amháin a dhéanann bulaíocht.

Is iomaí cineál bulaí atá ann beag beann ar chruth, méid, náisiúntacht agus aois. Déanann cailíní agus buachaillí bulaíocht araon.

3. Is sceithirí iad daoine a dhéanann gearán faoi bhulaithe.

Tá na daoine sin a dhéanann gearán faoi bhulaithe ag seasamh ar son a gcirt le bheith sábháilte agus sásta. Ní sceitheadh ná brath é insint do dhuine éigin faoi bhulaíocht. Insítear le bheith sábháilte. Go deimhin, ba chóir duit insint do duine éigin fiú mura tusa an duine ar a bhfuil bulaíocht á himirt. Ba chóir duit insint do dhuine éigin má tá a fhios agat go bhfuil bulaíocht a déanamh ar dhuine.

4. Tá an bhulaíocht tuillte ag páistí áirithe mar gheall ar an gcuma atá orthu, an chaoi a ngníomhaíonn siad nó an chaoi a n-iompraíonn siad iad féin.

Níl an bhulaíocht tuillte ag duine ar bith. B'fhéidir go dtaitníonn daoine áirithe linn níos mó ná daoine eile, ach caithfidh meas a bheith againn freisin ar na daoine sin nach bhfuilimid mór leo. Níor cheart go ndéanfaí bulaíocht ar dhuine go deo mar gheall ar an gcuma atá orthu, an chaoi a ngníomhaíonn siad nó an chaoi a n-iompraíonn siad iad féin.

5. Is ionann bulaíocht agus magadh faoi dhuine de bharr na caoi a labhraíonn sé/sí nó na caoi a n-iompraíonn sé é féin/a n-iompraíonn sí í féin.

Níor cheart go ndéanfaí bulaíocht ar dhuine go deo de bharr na caoi a labhraíonn sé/sí nó na caoi a n-iompraíonn sé é féin/a n-iompraíonn sí í féin.

6. An rud is fearr le déanamh má dhéantar bulaíocht ort ná troid ar ais.

Má throideann tú i gcoinne bulaí, b'fhéidir go ngortófar thú nó b'fhéidir go gcuirfear i do leith gur bulaí tusa freisin. B'fhearr dul i muinín duine fásta.

7. Níl i gceist leis an mbulaíocht ach daoine eile a bhualadh.

D'fhéadfaí duine a bhualadh de bharr na bulaíochta ach tá cineálacha eile bulaíochta ann chomh maith, mar shampla, bulaíocht bhriathartha nuair a ghoilleann focail ar dhuine agus bulaíocht mhothúcháinach nuair a chuirtear isteach ar mhothúcháin duine. D'fhéadfaí bulaíocht a dhéanamh ar dhuine os a c(h)omhair nó ar líne.

8. Baileoidh bulaithe leo má thugtar neamhaird orthu.

Baileoidh roinnt bulaithe leo má thugtar neamhaird orthu ach d'fhéadfadh bulaithe eile éirí feargach agus leanúint orthu i mbun bulaíochta go dtí go bhfaigheann siad freagairt. Teastaíonn ó roinnt bulaithe go mbainfí na deora as an duine. Sin í an fhreagairt is maith leo. D'fhéadfaidís leanúint orthu i mbun bulaíochta ar mhaithe leis an bhfreagairt sin a fháil amháin.

9. Seans go mbeidh daoine a ndéantar bulaíocht orthu gortaithe ar feadh píosa ach tiocfaidh siad as.

Teastaíonn cuid mhór tacaíocht leanúnach ó roinnt daoine má dhéantar bulaíocht orthu.

10. Is ionann bulaíocht agus teachtaireachtaí gránna théacs a sheoladh arís agus arís eile.

Is bulaíocht é iompar goilliúnach ar bith a dhéantar d'aon turas arís agus arís eile, lena n-áirítear teachtaireachtaí téacs nó grianghraif ghránna a sheoladh. Is bulaíocht é clú duine éigin a mhilleadh ar líne nó ar an nguthán.

Conclúid

Mar thoradh ar an bplé, ba chóir go mbeadh tuiscint ag an rang ar a bhfuil i gceist le bulaíocht agus ba chóir go mbeidís ar aon intinn faoi shainmhíniú na bulaíochta – iompar atá goilliúnach, a dhéantar d'aon turas, agus a dhéantar arís is arís eile.

Topaic 2 **Ceacht 3**

Cineálacha

Eile

Bulaíochta

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Cineálacha difriúla iompar bulaíochta a shainaithint
- Tionchar an iompair bhulaíochta agus na hiarmhairtí a ghabhann leis a thuiscint.

Acmhainní

AM 7: Cineálacha Éagsúla Bulaíochta

AM 8: Imríonn Eoin bulaíocht ar Mharcas

AM 9: Drochainmneacha a thabhairt ar dhuine

AM 10: Bróga Reatha Nua

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun foghlaim faoi na bealaí a bhféadfaí bulaíocht a dhéanamh ar dhuine agus faoin gcaoi a bhféadfadh an bhulaíocht dul i bhfeidhm air/uirthi.

AM 7: Cineálacha Éagsúla Bulaíochta –

Taispeáin an sleamhnán ‘Cineálacha Éagsúla Bulaíochta’ agus ainmnigh na trí chineál bulaíochta mar Fhisiciúil, Briathartha agus Mothúcháinach.



SLEAMHNÁN

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Forbairt

Conas a d’fhéadfaí bulaíocht **fhisiciúil** a dhéanamh ar dhuine, dar leat?

Iompar ar bith ina ndéantar dochar d’earraí nó do chorp duine níos mó ná uair amháin. Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt – ag ciceáil duine, ag caitheamh seile le duine, ag baint liomóige as duine, ag tarraingt gruaige, ag briseadh nó ag déanamh dochair d’earraí duine, etc.

Conas a d’fhéadfaí bulaíocht **bhriathartha** a dhéanamh ar dhuine, dar leat?


Ag cur isteach ar dhuine le focail, bíodh siad i bhfoirm labhartha, scríofa nó clóscríofa. Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt – ag tabhairt drochainmneacha ar dhuine, ag magadh faoi dhuine, ag caitheamh achasán le duine, ag cur teachtaireachtaí gránna ar Facebook nó ag seoladh teachtaireachtaí téacs gránna arís agus arís eile.


Conas a d’fhéadfaí bulaíocht **mhothúcháinach** a dhéanamh ar dhuine, dar leat?

Ag cur isteach ar mhothúcháin duine, ag cur eagla ar dhuine, bagairt a dhéanamh ar dhuine. Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt. Is féidir é sin a dhéanamh trí bhulaíocht bhriathartha nó trí bhulaíocht fhisiciúil a dhéanamh ar dhuine. Féadtar é a dhéanamh freisin trí dhuine a chur as an áireamh, trí dhuine a scoitheadh nó trí úsáid a bhaint as féiniúlacht duine le bulaíocht a dhéanamh air/uirthi, mar shampla, a c(h)íne, a (h)áit dúchais nó an dóigh a labhraíonn sé/sí.

Cén cineál bulaíochta é seo?

Léigh na cásanna seo a leanas agus taispeáin na sleamhnáin a léiríonn gach cás. Fiafraigh de na daltaí cén cineál bulaíochta atá i gceist.





Nóta don Mhúinteoir:

Faoi ghnásanna frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, áirítear leis an sainmhíniú ar bhulaíocht, “bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/ aige.” (Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013)

AM 8: Imríonn Eoin bulaíocht ar Mharcas – Tharraing Eoin carbhat Mharcais le linn dó a bheith ag siúl sa dorchla. Bhuail sé a dhroim níos luaithe nuair a bhí Marcas ina shuí ag a dheasc. Sampla de bhulaíocht fhisiciúil é sin.

AM 9: Drochainmneacha a thabhairt ar dhuine – Dúirt Jill le Liam go raibh sé ‘Dúr’ agus iad ag dul amach ag spraoi. D’iarr Jill ar bheirt daltaí eile sa chlós súgartha ainmneacha gránna a thabhairt ar Liam. Sampla de bhulaíocht bhriathartha é sin.

AM 10: Bróga Reatha Nua – Bhí bróga nua á gcaitheamh ag Tomás. Agus é ag siúl isteach sa rang, rinne Seán agus Bróna scigireacht air agus rinne siad gáire faoi. Tharla sé sin cúpla am i rith an lae. Níos déanaí sa rang, d’fhiafraigh Bróna de Thomás os comhair roinnt daltaí eile cá bhfuair sé na bróga reatha. Nuair nár thug Tomás aon fhreagra, dúirt Bróna gur dhócha go bhfuair sé iad sa siopa €2. Bulaíocht mhothúchánach é sin.

Bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht

Seiceáil an dtuigeanann na daltaí an focal ‘féiniúlacht’ – na saintréithe trína n-aithnítear duine nó rud, mar shampla, ainm, cine, inscne, creideamh nó teaghlach. I bhfocail eile, na rudaí a fhágann gur tusa tú féin.

Pléigh leis na daltaí an chaoi a ndéantar bulaíocht ar dhaoine uaireanta toisc go meastar iad a bheith difriúil – déantar bulaíocht orthu de bharr a bhféiniúlachta.

Fiafraigh de na daltaí an féidir leo smaoineamh ar chaoi a bhféadfaí bulaíocht a dhéanamh ar dhuine de bharr a f(h)éiniúlachta.

Mar shampla:

- Magadh a dhéanamh faoin gcuma fhisiciúil atá ar dhuine
- Gan a bheith toilteanach obair ná súgradh le duine ná suí in aice leis/léi
- Teaghlach duine a mhaslú
- Drochainmneacha a thabhairt ar dhuine, ag magadh faoi dhuine, íde béal a thabhairt do dhuine
- Lonsaithe nó bagairtí fisiciúla
- Teachtaireachtaí gránna a scríobh faoi dhuine
- A bheith ag breathnú go haisteach ar dhuine
- Daoine eile a ghríosú le drochainmneacha a thabhairt ar dhuine nó é/i a chur as an áireamh.

Táimid chun breathnú níos grinne ar bhulaíocht chiníoch, ar bhulaíocht homafóbach agus ar bhulaíocht mar gheall ar mhíchumas, ar samplaí de bhulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht iad uile.

Bulaíocht Chiníoch

Bulaíocht a dhéantar ar dhuine mar gheall ar dhath a c(h)raicinn, a náisiúntacht, a c(h)úlra eitneach, nó a c(h)reideamh.

Mar shampla:

- Ag ligean ort nach dtuigeanann tú a bhfuil á rá ag duine/ag déanamh scigaitrise orthu
- Ag tabhairt drochainmneacha ar dhuine
- Ag magadh faoin gcaoi a labhraíonn nó a siúlann duine
- Ag magadh faoi dhuine de bharr dhath a c(h)raicinn
- Ag magadh faoi éadaí, faoi chreideamh, nó faoi thír dhúchais duine.

Bulaíocht Homafóbach/Thrasphóbach

Iompar bulaíochta a bhaineann le cúrsaí inscne.

Mar shampla:

- Ag magadh faoi dhuine mar gheall ar na cluichí is maith leis/léi a imirt nó na gníomhaíochtaí a dhéanann sé/sí, mar shampla, ainmneacha gránna a thabhairt ar chailín toisc gur maith léi rudaí a dhéanamh a mheastar a bhaineann le buachaillí amháin, agus a mhalairt – ag magadh faoi bhuachaill a bhíonn ag súgradh le bréagáin a mheastar atá do chailíní amháin.
- Ag magadh faoin gcaoi a labhraíonn, a siúlann, nó a ngléasann duine
- Ag rá le duine go bhfuil sé/sí ‘aerach’ ar mhaithe le hé/hí a ghortú agus le cur isteach air/uirthi agus ar an gcúis sin amháin.

Nóta don Mhúinteoir:

Gluais Téarmaí agus Mínithe a oireann do Dhaltaí Rang a 5 agus Rang a 6:

Leispiach: Bean atá ag iarraidh gaol grámhar a bheith aici le bean eile.

Aerach: Fear atá ag iarraidh gaol grámhar a bheith aige le fear eile.

(Teaghlaigh Éagsúla, Grá Céanna, Cumann Múinteoirí Éireann, 2015)

Teanga a úsáid go cuí

Má úsáideann páistí an focal ‘aerach’ ar bhealach tarcaisneach le drochainm a thabhairt ar pháiste eile, cuir i gcás “Tá tú aerach”, abair leo go bhfuil sé míchuí. Mínigh dóibh go bhfuil focail a úsáideann daoine le cur síos a dhéanamh orthu féin inghlactha, mar shampla aerach nó leispiach, ach nach bhfuil sé inghlactha na focail sin a úsáid ar bhealach dímheasúil le daoine a ghortú.

Lena chois sin, má úsáideann páistí an focal ‘aerach’ ar bhealach diúltach le cur síos a dhéanamh ar rud atá go hainnis, cuir i gcás “Tá sin an-aerach”, abair leo go bhfuil sé míchuí. Seans go mbeadh sé sin goilliúnach ar dhaoine aeracha a chloiseann é nó ar dhaoine a bhfuil cara nó gaol aerach acu. Iarr orthu focal a úsáid a bhfuil an chiall atá uathu leis. Pléigh a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil le daoine eile.

Bulaíocht mar gheall ar mhíchumas

Bulaíocht a dhéantar ar dhuine mar gheall ar mhíchumas nó riachtanais speisialta oideachais.

Mar shampla:

- Ag déanamh scigaitrise ar urlabhra nó ar ghluaiseachtaí duine
- Ag magadh faoi dheacracht nó míchumas ar leith
- Ag magadh faoi obair duine

Is tábhachtach go dtuigeann na daltaí go bhféadfaí bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht a dhéanamh ar dhuine fiú mura bhfuil an fhéiniúlacht sin ag an duine – déantar a leithéid le cur isteach ar dhuine agus le cur as do dhuine.

Meabhraigh do na daltaí nach orthusan atá an milleán má dhéantar bulaíocht orthu agus gur chóir dóibh insint do dhuine fásta i gcónaí má tá bulaíocht á himirt orthusan nó ar dhuine ar a bhfuil aithne acu.

Conclúid

Glacann na daltaí páirt i mbabhta ranga uile faoi rud amháin a d’fhoghlaim siad le linn an cheachta seo. Tosóidh gach páiste a (h)abairt le “Rud amháin a d’fhoghlaim mé inniu...”

Topaic 2 Ceacht 4

Cibearbhulaíocht

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Tuiscint a fháil ar cad is cibearbhulaíocht ann
- Tionchar an iompair bulaíochta agus na dóigheanna a bhféadfadh sé dul i bhfeidhm ar dhaoine a thuiscint
- Aithint gur gá straitéisí a fhorbairt chun an chibearbhulaíocht a chosc agus a láimhseáil
- Foghlaim faoina thábhachtaí atá sé gan rúin a choinneáil go deo faoi iompar bulaíochta.

Acmhainní

AM 11: Físeán – Let’s Fight It Together

AM 12: Rap – Stop, Blocáil, Inis

AM 13: Gearrthóg Fuaime – Tú Féin a Chosaint ar Chibearbhulaíocht

BO 5/NBS: Cibearbhulaíocht

Gníomhaíocht Fairsingithe: Ceacht Webwise maidir le

Mearscaipeadh: MySelfie

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun labhairt agus foghlaim faoi chibearbhulaíocht agus cad is féidir linn a dhéanamh chun cosc a chur léi.

Cad is cibearbhulaíocht ann? Iarr ar na daltaí a gcuid tuairimí a thabhairt faoina bhfuil i gceist le cibearbhulaíocht.

Forbairt

Taifead an méid a dhéanann na daltaí agus bí cinnte go gcuirtear na samplaí seo a leanas de chibearbhulaíocht san áireamh:

- Teachtaireachtaí/grianghraif/pictiúir ghránna a sheoladh ó do ghuthán, ríomhaire glúine, táibléad nó gléas cluichíochta
- Ag ligean ort gur duine éigin eile thú agus rudaí a phostáil ar líne a tharraingíonn míchlú ar an duine sin nó a chruthaíonn argóintí
- Bréaga, cúlchaint nó ráflaí a scaipeadh trí theachttaireachtaí téacs nó seirbhísí teachtaireachta ar líne
- Teachtaireachtaí nó grianghraif ghránna, náireacha nó phríobháideacha de dhuine a sheoladh chuig daoine eile
- ‘Is maith liom’ a chur le tuairimí gránna faoi dhuine nó le grianghraif ghránna de dhuine
- Úsáid a bhaint as an nguthán nó as an idirlíon chun duine éigin a chur as an áireamh sa ghrúpa.

Tugtar cibearbhulaíocht ar bhulaíocht a tharlaíonn ar líne nó ar an nguthán.

Nóta don Mhúinteoir:

Is tábhachtach go n-amharcann tú ar an bhfíseán seo roimh ré lena chinntiú go n-oireann sé don rang.



Is tábhachtach a thuiscint nach ionann cibearbhulaíocht agus gníomh a dhéantar arís agus arís eile – má chuirtear teachtaireacht, pictiúr nó íomhá amháin atá maslach nó gránna ar shuíomh poiblí macasamhail Facebook, is bulaíocht é sin fiú mura ndéantar é ach aon uair amháin.

Tábhachtach: Ní hionann teachtaireacht téacs aon uaire agus bulaíocht, ach is bulaíocht é teachtaireacht aon uaire ar líne toisc go bhféadfadh sí mearscaipeadh.

AM 11: Físeán – Cibearbhulaíocht:

Taispeáin an físeán don rang agus pléigh an méid seo a leanas:

- Cén chaoi ar athraigh an giúmar a bhí ar Sheosamh san fhíseán? Cad ba chúis leis na hathruithe?
- Cén chaoi a ndeachaigh a raibh ag tarlú i bhfeidhm ar Sheosamh? Bhí an chuma air go raibh sé sásta ag an tús – cad b'ábhar leis sin? Cad a d'athraigh ina dhiaidh sin?
- Ainmnigh na mothúcháin a spreagadh i Seosamh – eagla, anó, fearg, imní, uaigneas, mearbhall, ainnise.
- Cé eile a ndeachaigh a raibh ag tarlú i bhfeidhm orthu?
- Cén chaoi a ndeachthas i bhfeidhm ar dhaoine eile?
- An ndearna siad aon rud? Más rud é go ndearna, cad a rinne siad?
- Cad a dhéanfa féin?

Cad is féidir leat a dhéanamh má tá cibearbhulaíocht á déanamh ort?

- Inis do dhuine fásta faoi
- Ná tabhair freagra go deo ar theachtaireachtaí a chuireann isteach ort nó a chuireann eagla ort – sábháil iad, taispeáin do dhuine fásta iad agus iarr orthu tuairisc a thabhairt air
- Má fhaigheann tú teachtaireachtaí, grianghraif nó pictiúir ghránna ar líne, cuir bac ar an seoltóir agus inis do dhuine fásta atá in ann cabhrú leat faoi
- Má fheiceann tú daoine a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu ar líne, inis do dhuine fásta atá in ann rud éigin a dhéanamh faoi
- Ná tabhair freagra go deo ar theachtaireachtaí téacs ná ar theachtaireachtaí pictiúir atá gránna. Sábháil iad ionas gur féidir iad a úsáid mar fhianaise. Ná scrios teachtaireachtaí – glac gabháil scáileáin
- Ná déan dearmad gur féidir leat d'uimhir ghutháin a athrú má fhaigheann tú cárta SIM nua.

Cuimhnigh ar an mBunriail:

Stop – ná tabhair freagra ar an teachtaireacht ach glac gabháil scáileáin

Blocáil– cuir bac ar an seoltóir

Inis – abair é le duine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti

**AM 12: Rap – Stop, Blocáil, Inis:**

Seinn an rap do na daltaí.



AM 13: Gearrthóg Fuaime – Cibearbhulaíocht:

Cas an ghearrthóg fuaime, ‘Cibearbhulaíocht’.



Bileog Oibre 5/NBS: Cibearbhulaíocht –

A. Ba cheart cóip den phóstaer ‘Cibearbhulaíocht’ a thabhairt do gach dalta lena léamh agus lena phlé.

NÓ

Cuir na daltaí ag obair i ngrúpaí. Cruthaíonn siad a phóstaer féin ‘Tú Féin a Chosaint ar Chibearbhulaíocht’.

Conclúid

Cas na rap ‘Stop, Blocáil, Inis’ do na daltaí.

BO 5/NBS: Iarrtar ar dhaltaí an póstaer ‘Cibearbhulaíocht’ a thabhairt abhaile lena phlé le tuismitheoir/caomhnóir.

Fairsingiú




Ceacht Webwise maidir le Mearscaipeadh – ‘MySelfie’: D’fhorbair an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí sraith eachtanna agus gearrthóg físe faoi úsáid shábháilte an idirlín dar teideal ‘MySelfie’ i gcomhair an aoisghrúpa seo. Tá siad ar fáil ar www.webwise.ie/myselfie. Go háirithe, beidh an ceacht maidir le mearscaipeadh ó Ceacht 4, ‘Gabhadh Thú’ ábhartha anseo.

Topaic 2 Ceacht 5

Ag Déileáil le Bulaíocht

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Foghlaim faoina thábhachtaí atá sé gan rúin a choinneáil go deo faoi iompar bulaíochta
- Straitéisí a fhoghlaim chun déileáil leis an mbulaíocht nó le bagairt na bulaíochta agus chun an bhulaíocht agus bagairt na bulaíochta a sheachaint
- A thuiscint cé chomh tábhachtach atá sé daoine fásta atá in ann cabhrú leo a aithint.

Acmhainní

AM 8/9/10: Imríonn Eoin Bulaíocht ar Mharcas; Drochainmneacha a Thabhairt ar Dhuine; Bróga Reatha Nua (ó Cheacht 3)

AM 14: Dea-chomharthaíocht Choirp

AM 15: Leideanna Sábháilteachta

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun labhairt faoi na mothúcháin a spreagann an bhulaíocht i ndaoine agus faoi céard is féidir linn a dhéanamh ionas nach ndéanfar bulaíocht orainn féin ná ar dhaoine eile.

Cuir an chéad topaic a rinne siad sa Chlár Bí Sábháilte i gcuimhne do na daltaí – Mothú na Sábháilteachta agus na Neamhshábháilteachta – mar aon leis an dóigh a mothaíonn an neamhshábháilteacht. Cuir i gcuimhne dóibh an tslí ar mhothaigh Joe nuair a bhí sé thíos le bulaíocht in AM 11: ‘Let’s Fight It Together’ sa cheacht deireanach. Iarr orthu cuid de na mothúcháin a ainmniú (eagla, anó, fearg, imní, uaigneas, mearbhall, ainnise).


Forbairt

Cad is féidir leat a dhéanamh má tá bulaíocht á déanamh ort?

Pléadh an chaoi a dtéann bulaíocht i bhfeidhm ar dhaoine agus an chaoi a ngoilleann sí ar dhaoine. Chuige sin, ba cheart deis a thabhairt do na daltaí fiosrú a dhéanamh ar na rudaí is féidir le duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi a dhéanamh chun stop a chur léi.

Gníomhaíocht Smaoinimh, Péireála agus Roinnte: Siar linn arís chuig scéal Eoin agus Mharcais (AM 8). Samhlaigh gur tusa Eoin, an bulaí. Cén chaoi a mothaíonn tú nuair a fheiceann tú Marcas ag teacht síos an dorchla? Cad chuige ar phioc Eoin ar Mharcas, dar leat? Cén chaoi ar mhothaigh Marcas, dar leat? Dá mba thusa Marcas, cad a dhéanfá?

Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás agus féachaint air ó thaobh Mharcais nó Eoin de. Iarr ar na daltaí a gcuid smaointe a roinnt lena bpáirtí ansin. Cuir tús le plé ranga uile agus déan liosta de na freagraí ar an gclár bán. Aithin an freagra tosaigh is tábhachtaí.



Nóta don Mhúinteoir:

Tugtar aghaidh sa cheacht seo ar straitéisí éagsúla chun déileáil le hiompar bulaíochta, lena n-áirítear dea-chomharthaíocht choirp agus caint ‘Maidir liom féin’. Ar mhaithe le bheith éifeachtach, ní mór deiseanna a thabhairt do pháistí chun na straitéisí sin a chleachtadh ar bhonn leanúnach agus moltar go mbeadh a leithéid san áireamh i gcur chuige na scoile uile le haghaidh OSPS.



An chéad rud nach mór smaoineamh air ná tú féin a choinneáil slán. Breathnóimid ar an liosta a cuireadh le chéile agus déanaimid é a sheiceáil faoi choinne sábháilteachta.

An mbeadh sé sábháilte Eoin a bhualadh? (NÍ BHEADH) Cén fáth? (D’fhéadfai duine a ghortú le linn troda; tá sé mícheart dul i mbun foréigin; tá sé in aghaidh rialacha na scoile dul i mbun foréigin; ní éireoidh cúrsaí níos fearr má théann tú chun spairne le duine)

Tá roinnt smaointe maithe agat, mar shampla, an scéal a insint do dhuine fásta agus a choinneáil ar shiúl ó Eoin. Inniu táimid chun fiosrú a dhéanamh ar aon rud eile a d’fhéadfadh a bheith cabhrach.

Dea-chomharthaíocht Choirp

Cad é sin? Cén difríocht is féidir leis a dhéanamh?

Taispeáin **AM 14: Dea-chomharthaíocht Choirp**. Tarraing aird ar sheasamh an dalta sa chéad pictiúr.

Feicimid beirt pháistí sa pictiúr seo – buachaill agus cailín. Cad atá ar bun, dar leat? Cén duine a bhfuil bulaíocht á himirt air/uirthi, dar leat? Amharc ar an dóigh a bhfuil sé ina sheasamh. Cad a chuireann sé sin in iúl don bhulaí, dar leat?

Feicimid an bheirt chéanna sa dara pictiúr. Cén difríocht a fheictear sa pictiúr seo? Dar leat féin, cad a chuirfí in iúl do bhulaí dá seasfadh duine mar sin/dá mbeadh an chuma sin ar dhuine?

Tugtar **CEANNAS** air sin. Ní thugtar an tuin chainte le fios sa pictiúr.

Le bheith ceannasach, caithfidh tú:

- Seasamh go hard agus cuma mhuiníneach a chur ort
- Féachaint idir an dá shúil ar an mbulaí
- Guth láidir dian a úsáid chun rud éigin ar nós “Stop é sin”, “Imigh leat” nó “Táim chun gearán a dhéanamh fút leis an múinteoir” a rá
- Guaim a choinneáil ort féin cé go bhfuil tú trína chéile agus an-fheargach.

Ráitis ‘Maidir liom féin’

Táimid chun cleachtadh a dhéanamh ar a bheith ag caint le duine atá i mbun bulaíochta, trí úsáid a bhaint as ráitis ‘Maidir liom féin’.

Taispeáin **AM 15: Leideanna Sábháilteachta**.

Cuireann ráiteas ‘Maidir liom féin’ an tslí a mothaíonn tú in iúl do dhuine. Caithfidh tú an bhéim a chur ort féin i ráiteas ‘Maidir liom féin’ agus ní ar an duine eile. Chomh maith leis sin, cuireann sé in iúl don bhulaí go bhfuil tú ag iarraidh go stopfaidh sé/sí den bhulaíocht atá á déanamh ort.

Cén chaoi a dtiocfadh le Marcas labhairt le hEoin? (Teagmháil súl, seasamh go díreach, abair le hEoin nach maith leis an dóigh a bhfuil sé ag caitheamh leis)

Cad a thiocfadh le Marcas a rá? Mar shampla, thiocfadh leis a rá, “Bíonn fearg orm nuair a chuireann tú cor coise orm agus nuair a bhrúnn tú mé d’aon turas. Ní maith liom é agus ba mhaith liom go gcuirfeá stop leis nó inseoidh mé don mhúinteoir faoi”.

Rólghlacadh: Taispeáin sleamhnán na Leideanna Sábháilteachta. Iarrtar ar na daltaí rólghlacadh i mbeirteanna a dhéanamh ar na cásanna **Imríonn Eoin Bulaíocht ar Mharcas; Drochainmneacha a Thabhairt ar Dhuine; Bróga Reatha Nua**. Iarr ar dhornán beirteanna é a dhéanamh os comhair an ranga.

Pointí Plé: Imríonn Eoin Bulaíocht ar Mharcas:

- Conas a mhothaigh sé le bheith in áit Mharcais/Eoin?
- Conas a mhothaigh sé nuair a sheas Marcas an fód ar a shon féin?
- Ar ndearna sé maitheas ar bith? (Cabhraíonn sé le Marcas a chreidiúint gur féidir leis rud éigin a dhéanamh faoi)
- Má leanann Eoin ar aghaidh i mbun an iompair sin, cad é an chéad rud eile is féidir le Marcas a dhéanamh? (Inis)
- Cé dó a dtiocfadh le Marcas an scéal a insint? Spreag na daltaí chun daoine fásta a bhfuil muinín acu astu a aithint.
- Cén fáth a bhféadfadh sé a bheith deacair insint do dhuine éigin?
- Cad a d'fhéadfadh tarlú mura n-inseofaí faoi?

Má tá duine ag déanamh bulaíochta ort, ba chóir duit é sin a insint do dhuine fásta agus coinneáil ort ag insint faoi nó go stopann sé/sí.

Cuimhnigh go mbíonn cabhair ó dhuine fásta ag teastáil ó dhaoine óga i gcónaí chun dul i ngleic leis an mbulaíocht. Mura bhfaigheann tú cabhair trí insint do thuismitheoir nó do mhúinteoir faoi, éireoidh sé níos measa. Mura bhfaigheann tú cabhair i dtús báire, ba cheart duit coinneáil ort ag insint go dtí go bhfaigheann tú cabhair.

Conclúid

Tá an bhulaíocht mícheart i gcónaí. Ní chuirfimid suas léi ós rud é go bhfuilimid an-eolasach uirthi agus ós rud é go dtuigimid an tslí a gcuireann sí isteach ar dhaoine.

Topaic 2 Ceacht 6

Comhaontú Ranga

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Ról an fhéachadóir a thuiscint
- Cineálacha iompair atá glactha/a bhfuil fáilte rompu sa seomra ranga/scoil a phlé agus a chomhaontú
- Cineálacha iompair atá do-ghlactha sa seomra ranga/scoil a phlé agus a chomhaontú
- Comhaontú ranga scríofa a dhréachtú
- A gcomhaontú ranga a roinnt le tuismitheoirí agus le príomhoide na scoile.

Acmhainní

AM 9: Drochainmneacha a Thabhairt ar Dhuine

AM 10: Bróga Reatha Nua

AM 16: Cén Cineál Féachadóir?

BO 6/NBS: Comhaontú Ranga

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun comhaontú ranga a phlé agus a chur le chéile maidir leis na cineálacha iompair ba mhaith linn a fheiceáil inár rang d'fhonn an bhulaíocht a chosc.

D'fhoghlaimíomar cuid mhór faoi bhulaíocht sna ceachtanna a bhí againn ar na mallaibh. Inniu táimid chun smaoineamh ar bhealaí inar féidir linn bulaíocht a chosc agus gach duine inár rang a choinneáil sábháilte. I dtús báire, smaoineoidimid ar na rudaí a thiocfadh linn a dhéanamh i gcás go mbeimid ar an eolas go raibh bulaíocht á himirt ar dhuine.

Forbairt

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh dá mbeadh a fhios agat go raibh bulaíocht á himirt ar dhuine?

Breathnaigh ar **AM 9: Drochainmneacha a Thabhairt ar Dhuine** nó **AM 10: Bróga Reatha Nua**.

Pléigh leis na daltaí a bhfuil ar siúl sa phictiúr (AM 9), mar shampla, thug Jill ainm gránna ar Mháire. Fiafraigh de na daltaí cén fáth a síleann siad gur thug Jill ainm gránna ar Mháire. An bhfuil sé ceart go leor drochainmneacha a thabhairt dhuine mar gheall ar an gcuma atá orthu? Cén chaoi ar mhothaigh Máire?

Sa scéal faoi bhróga nua Thomáis, tá Liam agus Bróna ag déanamh scigireachta faoina bhróga (**AM 10**). Fiafraigh de na daltaí cad a bhí mícheart faoina n-iompar. Cén chaoi ar mhothaigh Tomás? Cén chaoi a motháíonn sé nuair a théann daoine i bpáirt le chéile chun tú a ghortú?

Nóta don Mhúinteoir:

De réir staidéar amháin, a foilsíodh in Canadian Journal of School Psychology, bíonn féachadóirí i láthair in 85% de chásanna bulaíochta. Fuarthas amach sa staidéar sin freisin go stopfar an bhulaíocht taobh istigh de 10 soicind i mbeagnach 60% de chásanna ina ndéanann piaraí idirghabháil. Léiríodh i staidéar eile, áfach, go ndearna féachadóirí iarracht idirghabháil a dhéanamh i níos lú ná 20% de chásanna. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2013), Ich 39)

Dírigh aird na ndaltaí ar na páistí eile, mar shampla, cad atá ar siúl ag na páistí eile? Cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun cabhair a thabhairt? Cén fáth a bhféadfadh sé sin a bheith deacair?

Féachadóirí:

Taispeáin **AM 16** “Cén cineál duine atá ag faire?” agus pléigh cad atá ag tarlú sa phictiúr.

Tá trí chineál duine a bhíonn ag faire i gcás bulaíochta:

Ní deir an Duine atá ina Thost rud ar bith. Cén fáth a gceapann tú nach ndeir sé/sí rud ar bith?

(Eagla gurb é/í féin an chéad duine eile). Cé atá ina thost sa phictiúr, dar leat?

Cuiditheoir an Bhulaí. Conas is féidir le duine cuidiú le bulaí? (An bulaí a spreagadh, a bheith ag gáire faoin iompraíocht). Cé hé/hí cuiditheoir an bhulaí sa phictiúr?

An Duine Maith atá ag Faire. Cad é a dhéanadh féachadóir maith, dar leat? (Abair leis an mbulaí stopadh den bhulaíocht, imeacht leat uaidh, agus inis do dhuine fásta cad atá ag tarlú).

Tá a lán bealaí ann inar féidir leat a bheith i d'fhéachadóir maith i gcás bulaíochta. Iarr ar an rang moltaí a thabhairt faoi cad ba cheart don fhéachadóir maith a rá agus a dhéanamh.

Má tá a fhios agat go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile, ba chóir duit é sin a insint do dhuine fásta agus coinneáil ort ag insint faoi nó go stopann sé/sí. Ní hé sin an rud céanna é is a bheith ag sceitheadh nó ag brath ar dhuine – insíonn tú é le bheith sábháilte agus le páistí eile a choinneáil sábháilte. Déanann sé féachadóir maith duit chomh maith.

Comhaontú Ranga

Obair Chiorcail: Anois toisc go dtuigimid go leor faoin mbulaíocht - na mothúcháin a spreagann sí i nduine nuair a dhéantar bulaíocht air/uirthi agus céard is féidir a dhéanamh faoi - an féidir linn comhaontú a dhearadh sa rang seo chun seasamh le chéile i gcoinne iompar bulaíochta? Cén cineál rudaí a d'fhéadfaí a rá sa chomhaontú seo?

Smaoinigh, Péireáil agus Roinn: Roinn na daltaí ina ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus tabhair cúpla nóiméad dóibh chun plé a dhéanamh ar na cineálacha iompair nach bhfuil inghlactha inár rang, agus comhaontú faoinar féidir le gach duine sa rang a dhéanamh chun cosc a chur ar bhulaíocht.

Tugtar bileog mhór pháipéir do gach grúpa sa rang agus iarrtar orthu an leathanach a roinnt ina dhá chuid leis na ceannuideil “Déanfaimid... (céard a dhéanfaimid le go mbeidh ár rang sábháilte) agus “Ní dhéanfaimid...” (iompar nach nglacfaimid leis).

Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt ar an méid atá scríofa acu. Breac síos na moltaí go léir.

Tar éis plé a dhéanamh, tugann an rang trí nó ceithre ráiteas faoi gach ceannuideal.

Comhaontú Ranga Samplach

Déanfaimid:

- Caithfimid go deas agus go measúil lena chéile agus lenár múinteoirí
- Beidh meas againn ar mhothúcháin a chéile.
- Déanfaimid cinnte go mothaíonn gach duine ar a suaimhneas
- Inseoidimid é má tá a fhios againn go bhfuil duine á ghortú/gortú de bharr bulaíochta.

Ní dhéanfaimid:

- Ní ghortóimid a chéile ar bhealach ar bith
- Ní fhágfaimid daoine eile ar lár
- Ní phostálfaimid teachtaireachtaí mailíseacha agus ní thabharfaimid 'is maith liom' dóibh
- Ní bheimid gránna ná mailíseach le daoine eile.

Tugtar cuireadh do gach scoláire an comhaontú ranga a shíniú agus ba cheart é a bheith ar taispeáint go breá soiléir sa seomra ranga don chuid eile den scoilbhliain.



Conclúid


An Comhaontú a Chur Chun Feidhme agus Monatóireacht a Dhéanamh air

Pléigh leis na daltaí cé eile lenar mhaith leo an comhaontú a roinnt, mar shampla, príomhoide na scoile nó ranganna eile.



BO 6/NBS: Comhaontú Ranga: Ba cheart cóip den chomhaontú ranga sínithe a chur abhaile le gach dalta ionas go mbeidh a fhios ag na tuismitheoirí nó caomhnóirí faoina bhfuil aontaithe ag na daltaí.

Gach mí, d'fhéadfaí bileog eolais leantach a thabhairt amach chun seiceáil leis na daltaí go bhfuil siad ag cloí leis an gcomhaontú.



BILEOG OIBRE 3

Rang a 5 agus Rang a 6

Is ionann cara maith agus duine...

Léigh gach ráiteas agus socraigh cibé an measann tú gur tréith de chara maith é atá “An-tábhachtach”, “Measartha Tábhachtach” nó “Nach bhfuil chomh Tábhachtach”.


Cuir tréithe eile leis a mheasann tú gur tréithe iad atá

“An-tábhachtach”, “Measartha Tábhachtach” nó “Nach bhfuil chomh Tábhachtach”

Is ionann cara maith agus duine...

	An-tábhachtach	Measartha tábhachtach	nach bhfuil chomh tábhachtach
Atá dathúil			
A sheasann liom			
Atá ionraic liom			
Atá thart ar an aois chéanna liom			
Ar mór an spórt é/í			
A thig liom muinín a bheith agam as/aisti			
A bhfuil an-ghean ag daoine eile orthu			
Ar spéis leo na rudaí céanna liomsa			
A bhfuil dúil acu ionam mar atá mé			
Atá “cúláilte” agus a chaitheann éadaí faiseanta			
Nach ligeann síos choíche mé agus atá ar fáil dom i gcónaí			





BILEOG OIBRE 4
Rang a 5 agus Rang a 6

Cad atá ar eolas agam faoin mbulaíocht?

**Ticeáil Aontaím/
Ní Aontaím/Nílím Cinnte**



AONTAÍM

NÍ AONTAÍM

NÍLÍM CINNTE

1. Is ionann bulaíocht agus pleidhcíocht
2. Buachaillí amháin a dhéanann bulaíocht
3. Is bréagadóirí iad daoine a dhéanann gearán faoin mbulaíocht
4. Tá an bhulaíocht tuillte ag páistí áirithe mar gheall ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad, an chaoi a ngníomhaíonn siad nó an chaoi a n-iompraíonn siad iad féin
5. Is ionann bulaíocht agus magadh faoi dhuine de bharr an chaoi a labhraíonn sé nó an chaoi an n-iompraíonn sé é féin.
6. An rud is fearr le déanamh má dhéantar bulaíocht ort ná troid ar ais
7. Níl i gceist leis an mbulaíocht ach daoine eile a bhualadh
8. Baileoidh bulaithe leo má thugtar neamhaird dóibh
9. Seans go mbeidh daoine a ndéantar bulaíocht orthu gortaithe ar feadh píosa ach tiocfaidh siad as
10. Is ionann bulaíocht agus teachtaireachtaí gránna a sheoladh arís agus arís eile

**bí
sábháilte**



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 5

Rang a 5 agus Rang a 6

Cibearbhulaíocht



STOP CIBEARBHULAÍOCHT

Ná tabhair sonraí pearsanta ar líne cosúil le d'ainm fíor, seoladh, uimhir theileafóin, nó grianghraif.

Ná roinn d'fhocal faire le duine ar bith fiú le cairde agus cuimhnigh é a athrú go minic.

Déan cinnte go bhfuil do phróifíl ar láithreáin líonraithe socraithe go Príobháideach.

Caith go hómósach le daoine eile ar líne.

Smaoinigh ar cad a phostálann tú ar líne. Níl a fhios agat cé a gheobhaidh é agus a chuirfidh ar aghaidh é.

Má tá bulaíocht á himirt ort nó má fheiceann tú bulaíocht á himirt ar dhaoine eile ar líne, inis do dhuine fásta faoi a bhfuil muinín agat as.

Dá luaithe a insíonn tú is ea is túisce a gheobhaidh tú cúnamh.

Ná féach ar theachtaireachtaí gránna arís agus arís eile toisc go bhféadfá a bheith an-trína chéile acu.

Má fhaigheann tú teachtaireachtaí gránna ar théacs nó ar líne -

STOP

ná tabhair freagra ar an teachtaireacht ach glac gabháil scáileáin de mar fhianaise

BLOCÁIL

an seoltóir

INIS


é do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as nó aisti



bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



BILEOG OIBRE 6
Rang a 5 agus Rang a 6

Ár gComhaontú Ranga

Sa rang seo

Déanfaimid

Ní dhéanfaimid

Sínithe

bí
sábháilte

Topaic 3

Tadhaill

Réasúnaíocht na Topaice

Mar gheall ar thuairiscí rialta sna meáin is maith is eol dúinn go léir agus is mór an feall é go bhfuil mí-úsáid ghnéasach á déanamh ar pháistí. Aithnítear freisin nach dtugtar tuairisc riamh ar go leor cásanna mí-úsáide páistí agus go mbíonn páistí ag fulaingt i ngan fhios don saol. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach páistí i ngach grúpa socheacnamaíoch agus nach mór i gcónaí bíonn aithne mhaith ag an bpáiste agus ag a t(h)eaghlach ar an té a bhíonn ag gabháil don mhí-úsáid. Tá sé de chúram ar an tsochaí páistí a chosaint ó mhí-úsáid ach caithfear an t-eolas agus na straitéisí a thabhairt do pháistí freisin chun iad féin a chosaint.

Sna ceachtanna seo, tugtar an deis do pháistí tadhaill chuí a phlé agus an rud is tadhall cuí ann a mheas. Múintear go sainráite dóibh faoi thadhall mí-oiriúnach agus cuidítear leo a thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine a gcorp a thadhall ar bhealach a chuireann imní orthu nó a fhágann ag mothú neamhshábháilte iad.

D'fhonn deiseanna a thabhairt do pháistí an inniúlacht agus an mhuinín a fhorbairt atá ag teastáil chun cásanna mí-úsáide a láimhseáil, múintear agus cleachtar rialacha sábháilteachta pearsanta, lena n-áirítear daoine fásta a bhfuil iontaobh ag páistí iontu agus in ann labhairt leo a aithint.

I rith na topaice seo, beidh tú ag dul i ngleic le tadhaill neamhoiriúnacha. Tá sé tábhachtach smaoineamh go bhféadfadh sé gur fhulaing duine éigin i do rang mí-úsáid nó go bhfuil siad ag fulaingt mí-úsáide faoi láthair. Is fiú a mheabhrú do dhaltáí, má tá siad trína chéile de bharr aon cheist a ardaítear, gur chóir dóibh labhairt go príobháideach leat féin nó le duine fásta eile a bhfuil iontaobh acu as nó aisti.

Tá na nósanna imeachta maidir le nochtheadh a láimhseáil leagtha amach i Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iar-bhunscoile de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag: http://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/Cosaint-Leana%C3%AD/cp_procedures_primary_post_primary_2011_ir.pdf



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloí leo
- Staideanna agus áiteanna ina bhféadfaí sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint
- Raon de staideanna agus de chineálacha iompraíochta contúirtí a phlé agus bealaí chun na fiontair seo a sheachaint nó a laghdú a mheasúnú agus a luacháil chomh maith le himpleachtaí na fiontraíochta
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/í i bhfochair daoine eile a fhorbairt
- An ról atá ag gach duine maidir le daoine eile a choimeád slán a phlé agus a léirthuiscint agus ócáidí a bhféadfadh gníomhartha dá c(h)uid sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol a aithint

Snáithaonaid:

Aire a thabhairt do mo chorp

- Cúiseanna a bhaineann le himní phearsanta a aithint, agus straitéisí iomchuí chun déileáil leo a shainaithint
- An tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt dá chorp/dá corp féin, agus do chorp daoine eile, le dínit agus le meas a aithint

Snáithaonaid:

Ag déanamh cinntí

- Foinsí cabhrach a aithint chun fadhbanna a réiteach

Stór focal

Naíonáin	Rang a 1/2	Rang a 3/4	Rang a 5/6
Príobháideach	Gotha gnúise	Míbhúíoch	Trua
Poiblí	Comharthaíocht choirp		Ceannasach
Pearsanta	Náirithe		Aincheist
Bod	Iontaoibh		Áitiú
Faighin			Céile Comhraic
Cíoch			Straitéis
Mearbhlach			
Na céadfaí - feiceáil, cloisteáil, bolú, blaiseadh, tadhall			
Rún			

Topaic 3 Ceacht 1

Tadhaill

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- An difríocht idir tadhaill/teagmháil choirp chuí agus mhíchuí a aithint
- A thuiscint go bhfuil an ceart acu iad féin a chosaint agus a bheith sábháilte
- Tabhair chun cuimhne, pléigh agus faigh cleachtadh ar rialacha ar shábháilteacht phearsanta a úsáid

Acmhainní

AM 17: Sleamhnán an Halla Teachta ag an Aerfort

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun foghlaim faoi chineálacha éagsúla tadhall agus conas muid féin a chosaint agus a bheith sábháilte.

TR17: larr ar na daltaí féachaint ar an ngrianghraf seo agus staidéar cúramach a dhéanamh air.

Forbairt

Cad atá ag tarlú sa ghrianghraf seo? Cén chaoi a motháíonn na daoine, dar leat? Cén dóigh a dtaispeánann daoine go bhfuil bá acu le daoine eile? Tá siad go léir ag baint úsáid as tadhall lena mothúcháin sonais, chomórtha, gheana agus trua a chur in iúl.

Is iad seo na tadhaill ar fad a thaitníonn linn. An féidir leat smaoineamh ar thadhaill ar bith eile a thaitníonn linn - tadhaill a motháimid sona leo agus go bhfuil cion ag duine eile orainn leo? (Barróga, bosóga, póga, bosa in airde)

Ach tá tadhaill ann nach dtaitníonn linn fosta. larr ar na páistí samplaí a thabhairt de thadhaill nach dtaitníonn linn, amhail buille, cic, dorn nó dó. Cén dóigh a bhféadfaimis mothú le tadhaill nach dtaitníonn linn? D'fhéadfadh scanraithe, náirithe, brónach, gortaithe nó feargach a bheith i measc na mothúchán a bhaineann le tadhaill nach dtaitníonn liom.

Ach tá roinn tadhall ann a chuireann mearbhall orainn agus a fhágaimid neamhchinnte faoin dóigh ar cheart dúinn mothú. An féidir leat smaoineamh ar thadhaill ar bith eile a d'fhéadfadh tú a dhéanamh míchompordach agus trína chéile? Mar shampla, tadhlaíonn duine thú ar dhóigh nach dtaitníonn leat; barróga móra a bhíonn rófháiscthe, dinglis nach stopann; bosa in airde atá róchrúa.

Cén cineál mothúchán a d'fhéadfadh a bheith i gceist le tadhall mearbhlaich? (Neamhchinnte, mearbhlaich, náirithe)

Mar sin, má tá duine éigin do do thadhall ar bhealach nach dtaitníonn leat nó a dhéanann míchompordach thú, cad is féidir leat a dhéanamh nó a rá?

Glac moltaí ón rang. Samplaí ar cad is féidir a rá.

- “Ná bí do mo thadhall mar sin”
- “Ní maith liom é nuair a thadhlaíonn tú mar sin mé – nach déan é”

- “Ná bí do mo thadhall. Níl sin ceart”
- “Ná bain dom le do thoil. Lig dom”
- “Is liom féin mo cholainn. Níl cead agatsa baint di”
- “Má thadhlaíonn tú mar sin arís mé, inseoidh mé...”

Tabhair sampla ansin i rólimirt de bhos láidir ar an droim nó bosa in airde le duine de na daltaí agus lig don dalta ceann de na freagairtí cuí a chleachtadh. Ansin, i bpéirí, déanann na páistí go léir rólimirt ar chásanna comhchosúla. Spreag na páistí chun dea-chomharthaíocht choirp a úsáid agus a bheith ceannasach.

Conclúid

Cuimhnigh, is leatsa do cholainn – níl sé de cheart ag aon duine tú a thadhall ar bhealach a fhágann go mothaíonn tú neamhshábháilte nó a chuireann imní ort. Cuimhnigh ar na Rialacha Bí Sábháilte – Abair ‘Stop’, Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É, agus lean ort á insint go dtí go gcuideoidh duine leat.

Topaic 3 Ceacht 2

Tadhaill

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nóta don Mhúinteoir:

Luaitear an cuspóir ábhair seo a leanas faoin Snáithaonad Ag Tabhairt Aire do mo Chorp sa churaclam OSPS do na Naíonáin:

“Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha”.

I rith an cheachta seo, beidh tú ag dul i ngleic le tadhaill neamhoiriúnacha. Tá sé tábhachtach smaoineamh go bhféadfadh sé gur fhulaing duine éigin i do rang mí-úsáid nó go bhfuil siad ag fulaingt mí-úsáide faoi láthair. Is fiú a mheabhrú do dhaltaí, má tá siad trína chéile de bharr aon cheist a ardaítear, gur chóir dóibh labhairt go príobháideach leat féin nó le duine fásta eile a bhfuil iontaoibh acu as nó aisti.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- A thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine páiste a thadhall go míchuí.
- A aithint nuair a tharlaíonn mí-úsáid, nach locht an pháiste é choíche
- Sainaithin daoine fásta/aosaigh faoi leith le cuidiú a fháil uathu.

Acmhainní

AM 18: Emma i bPonc

Bileog Oibre 7/HSL: Rialacha Sábháilteachta Bí Sábháilte

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun foghlaim tuilleadh faoi thadhaill agus nach bhfuil sé de cheart ag duine ar bith muid a thadhall ar bhealach a fhágaimid trína chéile nó faoi imní.

Iarr ar na daltaí athchuimhne a dhéanamh ar an méid a d’fhoghlaim siad ón gceacht roimhe seo – tadhaill a thaitníonn linn, tadhaill nach dtaitníonn linn agus tadhaill a chuireann imní nó mearbhall orainn. Lena chois sin, cuir i gcuimhne dóibh cad is féidir linn a dhéanamh má thadhlaítear muid ar bhealach nach dtaitníonn linn. Atreisigh na Rialacha Bí Sábháilte – Abair ‘Stop’, Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É, agus lean ort á insint go dtí go gcuideoidh duine leat

Forbairt


AM17- Emma i bPonc: Léigh nó éist leis an scéal a leanas agus pléigh é leis an rang.

D’amharc Emma suas le hiontas nuair a tháinig a Mam isteach sa chistin. “Mam, cén fáth a bhfuil tú ag caitheamh do chulaith nua inniu?” a d’fhiafraigh sí. De ghnáth, chaithfeadh a Mam brístí agus barr chuig an obair, agus ní an chulaith ghalánta agus na sala arda seo.

“Ó! Rinne mé dearmad a insint duit – tá ócáid fhágála i ndiaidh na hoibre do Mháire – tá sí ag dul go dtí an Astráil le bheith in éineacht lena buachaill. Is dócha go mbeidh mé déanach ag teacht abhaile, ach ná bí buartha, baileoidh Gerry thú ón bhfeighlí ag a sé, déanfaidh sé do shuipéar agus cuirfidh sé a luí thú. Anois, an stopfa ag piocadh ar an ngránach bricfeasta sin agus déan réidh don scoil?” a dúirt Mam.

Mhathaigh Emma go rabhtas i ndiaidh dorn a bhualadh uirthi sa bholg. Ní fhéadfadh sin tarlú inniu! Theastaigh uaithi go n-éistfeadh a Mam léi inniu. Theastaigh uaithi a insint faoi... ach anois bhí a Mam ar an nguthán le Gerry, ag tabhairt treoracha dó go dtí teach an fheighlí agus ag brostú isteach ina carr. Ansin le barróg mhór lasmuigh den scoil, thiomáin Mam ar shiúl léi.

Tharraing Emma a cuid cos ina diaidh agus í ag dul trasna an chlóis scoile áit ar fhan sí lena beirt chairde. Bhí dúil mhór ag Emma sa léitheoireacht agus thiocfadh sí chun na scoile níos luaithe ná a cairde de ghnáth le go mbeadh sí ábalta léamh ar feadh tamaill. Ach ní bheadh leabhar ar bith ann inniu –



Ní fhéadfadh Emma ach smaoineamh ar cad a tharla aréir, agus cad é má tharlaíonn sé anocht arís?

Smaoinigh sí ar Gerry á bailiú tráthnóna inniu. Tá seisean agus a Mam le chéile le beagnach bliain anois. Ar dtús, ní dhearna siad ach dul amach le haghaidh béile nó go dtí an phictiúrlann, ach le cúpla mí anuas anois thosaigh sé ag teacht go dtí an teach, ag ithe dinnéir leo, ag breathnú ar an teilifís nó ar fhíseáin, agus anois fanann sé thar oíche corruair. Bhí Emma sásta go leor leis sin – chonaic sí go raibh a Mam an-sona nuair a bhí sé thart agus bhí sé i gcónaí go deas le Emma freisin.

Ach aréir... bhuel, bhí dinnéar acu ar fad le chéile, bhreathnaigh siad ar an teilifís ar feadh tamaill agus ansin chuaigh Emma suas an staighre chun píosa dá cuid obair baile a chríochnú agus chun réidh a dhéanamh le dul a luí. Ní raibh sí ach i ndiaidh a gcuid pitseámaí úra cúláilte a chur uirthi nuair a d’oscail an doras agus nuair a chuir Gerry a chloigeann isteach.

“Shíl mé go díreach go seiceálfainn an raibh tú sa leaba fós” a dúirt sé agus é ag teacht isteach leis sa seomra.

“Wow” Is maith liom na pitseámaí sin! Sin an grúpa is fearr leat orthu, nach hé?” a deir sé.

Nuair a bhí sé ag caint bhí a lámh á cur thar a pitseámaí go mall aige. Shioc Emma le hiontas, agus mhothaigh sí í féin ag éirí dearg toisc go raibh a fhios aici gur dócha go raibh sé ábalta a síní a mhothú faoin éadach caol.

“Bhuel, tá maith agam tú a shoipriú sa leaba agus oíche mhaith a fhágáil agat le póg, mar sin!” a dúirt sé agus é ag gáire.

Streachail Emma í féin isteach sa leaba, agus náire an domhain uirthi. An chéad rud eile bhí sé ag cromadh síos le póg a thabhairt di. Shíl sí nach mbeadh ann ach póigín ar a grua, mar a dhéanfaidh Mam i gcónaí, ach ina áit sin bhuaill a bhéal le béal s’aicise go tapa. Luigh Emma ansin agus í croite agus d’fhág seisean an seomra ag dúnadh an dorais go ciúin.

Luigh Emma sa leaba, scanraithe agus trína chéile, ar feadh tamall fada. Ar thadhall sé ansin í? Ar tharla sin i ndáiríre? Ar phóg sé a béal? Bhí an chuma ann gurb é sin an gnáthrud dó. An raibh sí scanraithe faoi rud fánach? Agus thar aon rud eile, cén dóigh a raibh sí chun rud ar bith faoi seo a insint dá Mam?

B’fhéidir go ndéarfadh a Mam léi gan a bheith amaideach – nár tharla rud ar bith? B’fhéidir go gcuirfeadh a Mam an locht uirthise? B’fhéidir go mothódh a Mam go mbeadh uirthi Gerry a chur ar shiúl, agus go mbeadh uaigneas uirthi arís?

Ach, anois, is í an cheist mhór... cad a tharlódh anocht?

Smaoinigh, Péireáil agus Roinn

- Iarr ar na páistí stad agus smaoinigh faoi céard ba cheart do Emma a dhéanamh. Ansin, i bpéirí, iarr ar na páistí a gcuid smaointe a roinnt lena bpáirtí
- Iarr aiseolas ón rang uile (ba cheart Emma a spreagadh leis an scéal a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín aici as/aisti).

Léigh an méid seo a leanas don rang agus déan plé air ansin

Samhlaigh gur tusa cara Emma, Sophia. Tagann tú isteach chun na scoile an mhaidin sin agus feiceann tú í ina suí ansin ag fanacht leat. Ní sí ag léamh mar

a bhíodh sí de ghnáth agus níl cuma chomh sona uirthi is a bhíodh de ghnáth. Nuair a théann tú anonn go dtí an áit ina bhfuil sí ina suí, tosaíonn sí ag caoineadh agus taobh istigh de chúpla nóiméad insíonn sí duit faoi cad a tharla ach iarrann sí ort a ghealladh nach n-inseoidh tú do dhuine ar bith é.

Cén chomhairle a thabharfá di?

D'iarr Emma ort gan é a insint do dhuine ar bith – cad ba cheart duit a dhéanamh?

Cuir an cheist seo a leanas ansin:

Cad a dhéanfá dá dtadhlódh duine de do theaghlach thú mar seo?

I ndiaidh plé, cuir na Rialacha Bí Sábháilte i gcuimhne do na daltaí – Abair ‘Stop’, Imigh agus Inis do Dhuine Éigin.

Críochnaigh an Scéal

Cuireadh isteach ar smaointe Emma nuair a tháinig a cara Sophia. “Hé Emma, níl leabhar ar bith agat inniu - cén fáth?” a d’fhiafraigh Emma.

D’amharc Emma ar Sophia agus chinn sí ansin go gcaithfeadh sí labhairt le duine éigin go díreach. “Tá rud éigin agam le hinsint duit”, a dúirt Emma i gcogar, “ach caithfidh tú é a choinneáil faoi rún”.

“Cinnte, fadhb ar bith, Emma, is maith liom rún”, a dúirt Sophia.

Shiúil an bheirt chailíní anonn chuig binse ciúin sa chlós súgartha áit ar inis Emma dá cara faoi cad a bhí ag cur isteach uirthi.

“Ó, Emma, caithfidh tú sin a insint do do Mham”, a dúirt Sophia.

“Ní thig liom é a insint do Mham – tá sí an-sona ó bhuail sí le Gerry, beidh a croí briste”, a dúirt Emma.

Ansin bhuail cloigín na scoile agus chuaigh an bheirt chailíní isteach sa rang.

Níos déanaí an lá sin thug Sophia iarraidh a chur ina luí ar Emma an scéal a insint dá Mam ach dhiúltaigh Emma. Cé gur gheall Sophia an scéal a choinneáil faoi rún, bhí a fhios aici gurb é an t-aon dóigh a dtiocfadh léi cuidiú le Emma ná é a insint dá Mam féin agus bheadh a fhios aici cad le déanamh.

Rialacha Sábháilteachta Pearsanta

Cuimhnigh, nár cheart d’aon duine, fiú cara nó duine muinteartha leat, thú a thadhall riamh agus iarraidh ort é a choimeád faoi rún. Má dhéantar thú a thadhall ar bhealach nach dtaitníonn leat ar pháirteanna príobháideacha de do cholainn gan cáil ar bith leis cuimhnigh nach ortsa an locht riamh. Is cuma cad a tharlaíonn, ní ortsa an locht! Má tharlaíonn sin duitse choíche, caithfidh tú STOP A RÁ, tabhair iarraidh IMEACHT, agus INIS do dhuine éigin é a bhfuil muinín agat as/aisti. Bíonn sé deacair corruair labhairt le daoine faoi na cásanna sin, ach is iad do thuismitheoirí, daoine muinteartha, múinteoirí agus daoine fásta na daoine ar féidir leat labhairt leo fúthu. Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú ort ag insint na deacrachta go dtí go n-éistean duine éigin leat.

Má tá eagla nó imní ortsa nó ar dhuine éigin a bhfuil aithne agat air/uirthi faoi thadhaill, ní mór duit é a insint do dhuine a bhfuil muinín agat as nó duine atá i gceannas ionas go mbeidh siad in ann rud éigin a dhéanamh faoi.

Conclúid

D'fhoghlaimíomar faoi thadhaill atá contráilte nó a fhágann míchompordach muid agus d'fhoghlaimíomar cad is féidir linn a rá agus a dhéanamh má tharlaíonn sin. Tá a fhios againn go gcaithfimid é a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín againn as.

Cuimhnigh, is é do cholainn féin atá ann. Níl sé de cheart ag aon duine tú a thadhall ar bhealach a fhágann go mothaíonn tú neamhshábháilte nó a chuireann inní ort. Níor chóir d'aon duine riamh iarraidh ort tadhall a choimeád faoi rún.

Tabhair deis do na daltaí anois cúpla nóiméad a ghlacadh chun socrú cé hiad na daoine fásta a mbeadh muinín acu iontu agus a bhféadfadh siad a gcás a insint dóibh, agus iarr ar pháiste ar bith, ar mian leo, a roghanna a roinnt leis an rang.

Bileog Oibre 7/HSL - Rialacha Sábháilteachta Bí Sábháilte: Scríobann na daltaí síos a rialacha sábháilteachta agus ainmneacha na ndaoine fásta a bhfuil muinín acu iontu. Ba cheart do dhaltáí é seo a thabhairt abhaile chun é a phlé le tuismitheoir/caomhnóir.





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 7

Rang a 5 agus Rang a 6

Rialacha Bí Sábháilte

Dear do
phóstaer sábháilteachta
féin lena chur i gcuimhne
duit conas tú féin a
choinneáil sábháilte.

Dá mbeadh fadhb agam,
d'fhéadfainn labhairt le:

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____



Cabhraigh le do pháiste cúigear ina shaol
a ainmniú arbh fhéidir leis/léi labhairt leo
dá mothódh sé/sí neamhsábháilte nó
buartha.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 4

Rúin agus Insint

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn daoine a dhéanann mí-úsáid ar pháistí ag brath ar rúin, ar bhagairtí agus ar bhreabanna. Mar sin is é príomhtheachtaireacht na topaice seo nár chóir tadhaill a choimeád faoi rún RIAMH. Foghlaimíonn páistí conas rud a insint, cé dhó a n-insíonn siad rud, cén uair is fearr rud a insint agus leanúint dá insint go dtí go n-éisteann duine éigin leo. Tugtar deiseanna chun an teachtaireacht sin a chleachtadh agus a atreisiú.

bí
sábháilte



MAPÁIL CHUIG AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Féinaithne

Ag forbairt féinmhuiníne

- Éirí níos neamhspleáiche agus níos féinmhuiníní

Snáithaonaid:

Sábháilteacht agus cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloíff leo
- Staideanna agus áiteanna ina bhféadfaí sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint
- Raon de staideanna agus de chineálacha iompraíochta contúirtí a phlé agus bealaí chun na fiontair seo a sheachaint nó a laghdú a mheasúnú agus a luacháil chomh maith le himpleachtaí na fiontraíochta
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/i i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis
- An ról atá ag gach duine maidir le daoine eile a choimeád slán a phlé agus a léirthiscint agus ócáidí a bhféadfadh gníomhartha dá c(h)uid sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol a aithint

Snáithaonaid:

Ag déanamh cinntí

- Mothú forásach a ghnóthú faoin tábhacht a bhaineann le cinntí eolacha a dhéanamh ar go leor leibhéal agus cuid de na cinntí a chaithfidh sé/sí a dhéanamh a aithint
- Foinsí cabhrach chun fadhbanna a réiteach a aithint

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS DAOINE EILE

Caidreamh le daoine eile

Ag déanamh cumarsáide

- Cumhacht an áitimh a scrúdú, conas is féidir é a úsáid ar mhodh deimhneach agus diúltach araon, agus bealaí praiticiúla a mholadh agus moltaí praiticiúla a fhorbairt chun déileáil le brúnna agus le tionchair

Stór focal


Naíonáin	Rang a 1/2	Rang a 3/4	Rang a 5/6
Ionadh	Bobanna		Magairlí
Míchompordach	Damnaithe		Neamhchasta
Éiginnte	Dúshlán a thabhairt		
Breab	Trí thaisme		
Bagairt	Freagrach		

Topaic 4

Rúin agus Insint

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Na scileanna, an mhuinín agus na straitéisí a fhorbairt chun ‘Stop’ a rá le tadhail nach dteastaíonn uathu
- Foghlaim gur cheart dóibh i gcónaí insint do dhuine fásta faoi thadhail nach dtaitníonn leo agus nach dteastaíonn uathu
- Foghlaim nár chóir dóibh riamh rúin ar bith a chuireann as dóibh a choinneáil.

Acmhainní

AM 19: Scéal Choilm

AM 20: Línte Cainte Comhthreomhara

BO 8/NBS: Rúin agus Insint

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Foghlaimeoidimid inniu nár chóir dúinn rúin a choinneáil riamh faoi aon rud a ghoilsean orainn agus gur chóir dúinn i gcónaí insint do dhuine fásta a bhfuil muinín againn as nó aisti faoi rud ar bith a chuireann inní orainn, a scanraíonn nó a chuireann mearbhall orainn.

Meabhraigh an ceacht deiridh ar thadhail do dhaltáí agus go bhfuil codanna dár gcorp a thadhlaítear go minic, ach go bhfuil codanna eile dár gcoirp nach dtadhlaítear go minic – go háirithe baill bheatha ár gcoirp.

Meabhraigh do na daltaí na hainmneacha anatamaíocha cearta le haghaidh bhaill bheatha an choirp.

Forbairt

Cloisfimid scéal anois faoi dhuine a n-iarrtar air rud éigin a choimeád faoi rún. Éist leis an scéal agus smaoinigh faoi cad a d’fhéadfá a dhéanamh sa chás seo.

AM 19 – Scéal Choilm:

Bhí Colm ag ciceáil cloch roimhe go fánach ar an gcosán, agus é ar a bhealach abhaile ón scoil tráthnóna Dé Céadaoin. Bhí a theach díreach timpeall an choirnéil ón scoil agus anois ó bhí sé i rang a sé, bhí cead aige siúl abhaile leis féin. Píocann a Mhama a dheirfiúr beag, Julie, suas ó scoil na gcaillíní agus bíonn siad sa bhaile roimhe i gcónaí. Ní raibh aon fhonn air labhairt le haon duine faoi láthair, agus bhí sé ag mothú ar an gcaoi sin ón Satharn. Shílfeá anois gur tharla an méid a tharla ar an Satharn i bhfad ó shin, ní díreach ceithre lá, mar is ar an Satharn a d’athraigh an saol simplí sásta a bhí ag Colm go dtí sin.

Chuimhnigh sé ar an gcaoi ar fhág a Mhama ag an gclubtheach é díreach roimh an gcluiche mór. Bhí craobhchomórtas an cheantair sroichte ag a fhoireann, F-12 agus bhí siad ar rogha na coitiantachta le buachan, agus go deimhin bhuaigh siad, iad ag imeacht den pháirc agus iad lúcháireach caithréimeach! Bhí captaen na foirne, Seán, a bhí ina chaptaen ar an bhfoireann shinsearach, níos glóraí ná aon dream eile! Ba iontach an rud é a bheith mar chuid den fhoireann bhuacach!

Ach ar chaoi éigin, i ndiaidh an chluiche, bhí Colm ar an duine deiridh dá fhoireann a bhí sna ceathanna, b'fhéidir mar gheall gur ndúirt Seán leis dul ar ais chun na liathróidí agus an eangach a fháil.

Ar aon nós, shílfeá go raibh an seomra cithfholctha sách ciúin nuair a chuaigh Colm isteach ann, seachas Seán a bhí ag feadaíl sa seomra gléasta lena thaobh.

Isteach le Seán ansin i seomra Choilm chun tréaslú leis ar chomh maith is a d'imir sé, ach ní hamháin gur bhuail sé bosóg éadrom ar a cheann, nó a dhroim, ach thadhaill sé a bhod agus a mhagairlí freisin, agus d'iarr sé ar Cholm eisean a thadhall ansin freisin. Bhí sé ag iarraidh 'stop' a rá agus imeacht, ach ní raibh sé in ann.

De réir mar a chúlaigh Colm amach chomh tapa is a d'fhéad sé, bhí sé ráite ag Seán leis go mbeadh sé seo mar rún acu agus nach smaoineamh maith a bheadh ann insint d'aon duine faoinar tharla. Ar ndóigh, bhí sé ag iarraidh fanacht ar an bhfoireann bhuacach, nach raibh?

Ní raibh Colm in ann cuimhneamh ar mhórán den deireadh seachtaine ina dhiaidh sin. Dá mbeadh Daide sa bhaile... ach ní raibh aon obair aige san áit, agus chuaigh sé féin agus uncail Choilm go hAlbain, áit a bhfuair siad obair. Tháinig sé abhaile gach mí ar feadh deireadh seachtaine, ach d'airigh Colm uaidh go mór é, agus a Mhama agus a dheirfiúracha freisin.

Ar an Luan, b'fhada le Colm go bhfeicfeadh sé a chara mór, Leo. Bheadh seisean in ann cabhrú leis go cinnte! Ach nuair a d'inis sé do Leo faoin méid a tharla agus gur ndúirt Seán leis gan aon cheo a rá agus go bhfanfadh sé ar an bhfoireann, bhí náire an domhain ar Leo agus dúirt sé gur cheap sé féin gurbh fhearr dó é sin a dhéanamh!

Ach bhí a fhios ag Colm go gcaithfeadh sé é a insint do dhuine éigin. Seo rún nach bhféadfadh sé, nach mbeadh sé in ann, a choimeád dó féin.

An tráthnóna sin bhí sé díreach ar tí insint do Mhama, ach bhí a fhios aige nach raibh aon mhaith dó ann mar bhí sí ag réiteach an dinnéir agus thosaigh an páiste ag caoineadh agus bhí Julie ag geonaíl nach raibh sí in ann an obair bhaile matamaitice a dhéanamh, mar sin, cé gur thriail sé a bheith láidir agus insint, ní raibh na focail chearta aige agus bhí Mama ag ceapadh nach raibh sé ach ag caint faoin gcluiche arís.

Bhí sé an-deacair é a insint d'aon duine. Rud náireach é agus cé na focail a d'úsáidfadh sé chun go dtuigfeadh a Mhama go tapa é?

Níos déanaí an tráthnóna sin, chuir Daide Choilm glaoch Skype ar a Mhama ar a fón agus bhí sí féin agus Julie ag caint leis, ansin thug Mama an fón do Cholm agus chuir sise an páiste a chodladh. Bhí Daide ag iarraidh fáil amach faoin gcluiche, ach nuair a chuaigh Colm suas an staighre ar a leaba le labhairt leis, agus nuair a d'fhéach sé ar a Dhaide, bhí ualach ar a chroí. Dúirt a Dhaide go réidh leis, "Cad atá suas, a mhaicín?" agus b'fhurasta do Colm é a rá, "Dúirt sé liom rún a dhéanamh de, ach táim ag iarraidh é a insint!"

D'éist Daide Choilm go cúramach agus dúirt sé leis go mbeadh gach rud go breá agus go raibh sé an-chróga é a insint dó. Dúirt sé le Colm an fón a thabhairt dá Mhama, go mbeadh sé sa bhaile ar an Satharn agus gan a bheith ag déanamh imní faoi dhada.

Nuair a d'imigh Mama den fhón tháinig sí ar ais isteach ina sheomra agus rug sí barróg air. D'fháisc sé isteach inti nuair a dúirt sí, "Is tú an buachaill is cliste agus is cróga a bhfuil aithne agam air. Beidh gach rud ceart go leor".

AM 20 – Línte Cainte Comhthreomhara: Roinn an rang in dhá ghrúpa agus iarr orthu dhá líne a dhéanamh, ar aghaidh a chéile. Ainmnigh iad – Líne A agus Líne B. Cuir ceann de na ceisteanna thíos. Tugann an páiste i Líne A a thuairim/tuairim agus éistean sé/sí le tuairim an pháiste i Líne B. Tabhair nóiméad amháin nó níos lú le haghaidh gach ceiste. Bogann na páistí ar fad i Líne B áit amháin chuig taobh na láimhe deise ionas go mbeidh duine nua os a gcomhair. Cuir an chéad cheist eile agus leantar ar aghaidh mar sin.

Leantar den ghníomhaíocht sin de réir mar a chuirtear ceisteanna agus tugtar deis do gach leanbh smaoineamh ar an bhfreagra a thabharfaidh sé ar na ceisteanna a cuireadh agus ansin tugann sé an freagra.

- Cén fáth a gceapann tú gur iarradh ar Cholm na liathróidí agus an eangach a bhailiú?
- Cén fáth a raibh sé deacair an rud a insint do Mhama an oíche roimhe sin?
- Cén uair ab fheiliúnaí rud a insint?
- Cad a déarfá leis an gcineál seo comhrá a thosú?
- Cén fáth a gceapann tú go ndúirt Leo nár cheart dó é a insint?
- Cén fáth a raibh deacracht ag Colm é a insint?
- Cad faoi mura gcreidfeadh a Dhaide é/mura n-éistfeadh sé leis? Cad a d'fhéadfadh sé a dhéanamh?

Conclúid

Glac aiseolas ginearálta ón rang anois agus meabhraigh dóibh gur cheart dóibh i gcónaí insint do dhuine fásta faoi aon rud a chuireann imní, faitíos nó mearbhall orthu.


Níor chóir d'aon duine riamh iarraidh orthu tadhall a choimeád faoi rún.

BO 8/NBS: Rúin agus Insint

Níor chóir duit rún faoi thadhall a choinneáil riamh.

Inis i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti.

Iarrtar ar dhaltaí bileog oibre a thabhairt abhaile chun an t-ábhar a phlé le tuismitheoir/caomhnóir.





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 8

Rang a 5 agus Rang a 6

Rúin agus Insint

Cad faoi dá mbeadh roinnt daoine as do rang ag déanamh tromaíochta ort ar an mbealach abhaile ón scoil? Cuireann siad fainic ort gan insint.

Cad a dhéanfa?

? ? ? ? ? ? ? ? ?

Cad faoi má fheiceann tú cailín ag goid ó mhála duine agus iarrann sí ort é a choimeád faoi rún. Cad a dhéanfa?

? ? ? ? ? ? ? ? ?

Cad faoi dá ndéarfadh do chara leat gur thadhaill duine fásta a bhaill bheatha agus gur chuir sé fainic air é a choimeád faoi rún? Deir sé nach féidir leat insint do dhuine ar bith faoi. Cad a dhéanfa?

? ? ? ? ? ? ? ? ?

Cad faoi má leag duine éigin d'fhón amach as do lámh agus gur briseadh é nuair a bhí tú lasmuigh de na siopaí áitiúla. Ach ní raibh tú ceaptha bheith ann ag an tráth sin den tráthnóna.

Cad a dhéanfa?

Pléigh na haincheistean sin le do leanbh.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 5

Strainséirí

Réasúnaíocht don Topaic

De réir mar a éiríonn páistí níos sine agus iad níos neamhspleáiche, bíonn siad ag idirghníomhú le líon níos mó daoine ó lá go lá. Beidh aithne acu ar roinnt de na daoine agus is strainséirí a bheidh i gcuid eile díobh.

Sa topaic seo, pléann páistí an sainmhíniú ar strainséir agus cuirtear i láthair go soiléir na rialacha a bhaineann le déileáil go hiomchuí le strainséirí agus déantar iad a chleachtadh i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga.

Bíonn páistí ag idirghníomhú ar líne go rialta le daoine nach bhfuil aithne acu orthu agus dá bhrí sin tugtar aghaidh ar straitéisí chun déileáil go hiomchuí le daoine sa domhan fíorúil.

bí
sábháilte



MAPÁIL CHUIG AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus ar a thábhachtaí atá sé go gcloífi leo
- Daoine, staideanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint
- Raon de staideanna agus de chineálacha iompraíochta contúirtí a phlé agus bealaí chun na fiontair seo a sheachaint nó a laghdú a mheasúnú agus a luacháil chomh maith le himpleachtaí na fiontraíochta
- Dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/i i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis
- An ról atá ag gach duine maidir le daoine eile a choimeád slán a phlé agus a léirtheiscint agus ócáidí a bhféadfadh gníomhartha dá c(h)uid sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol a aithint

Snáithaonaid:

Ag déanamh cinntí

- Mothú forásach a ghnóthú faoin tábhacht a bhaineann le cinntí eolacha a dhéanamh ar go leor leibhéal agus cuid de na cinntí a chaithfidh sé/sí a dhéanamh a aithint
- Foinsí cabhrach chun fadhbanna a réiteach a aithint

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS DAOINE EILE

Mo chairde agus daoine eile

- An tábhacht a bhaineann le cúram agus tuisceint, cúirtéis, agus dea-bhéasa le daoine eile a chleachtadh agus a aithint

Snáithaonaid:

Caidreamh le daoine eile

- Cumhacht an áitithe a scrúdú, conas is féidir é a úsáid ar mhodh dearfach agus diúltach araon, agus bealaí praiticiúla a mholadh agus moltaí praiticiúla a fhorbairt chun déileáil le brúnna agus le tionchair

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS AN DOMHAN MÓR***Oideachas na meán cumarsáide***

- Iniúchadh a dhéanamh, agus tuiscint a fháil, ar an gcaoi a scaiptear faisnéis agus cleachtadh a dhéanamh ar theachtaireachtaí a chur in iúl trí mhodhanna éagsúla

Stór Focal

Naíonáin	Rang a 1/2	Rang a 3/4	Rang a 5/6
Strainséir	Tráchtanna	Maor	Go hiomchuí
Rialacha	Iompar		Imní
‘Stop’ a rá	Rogha		
Imigh	Treoracha		
Inis	Gránna		

Topaic 5

Strainséirí

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, fiseáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Fios a bheith acu conas déileáil go hiomchuí le strainséirí
- Muinín a fhorbairt chun idirghníomhú le strainséirí
- Na scileanna sábháilteachta is gá a fhoghlaim chun iad féin a chosaint i staideanna féinchúraim.

Acmhainní

AM 21: Strainséirí – Cad a dhéanfa?

AM 22: Scéal Tony

AM 23: Strainséir ar an Idirlíon

AM 24: Seas suas/Suigh síos

BO 9/NBS: Úsáid shábháilte an Idirlín

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Táimid chun labhairt inniu faoi strainséirí sa saol fíorúil agus faoi strainséirí a mbuailimid leo ar líne, agus foghlaimimid conas déileáil leo go hiomchuí.

Tosaigh trí dhul siar ar an méid atá foghlamtha cheana féin ag páistí faoi strainséirí agus atreisigh na pointí seo a leanas:

- Is ionann strainséir agus aon duine nach bhfuil aithne agat air nó uirthi, idir shean nó óg, fear nó bean
- Ní féidir leat a rá díreach trí fhéachaint ar dhuine cibé an féidir iad a thrust nó nach féidir.

Meabhraigh na rialacha seo dóibh:

- Ní théann tú in aon áit riamh le strainséir agus ní ghlacann tú aon rud riamh ó strainséir mura bhfuil cead agat é sin a dhéanamh ón duine fásta atá i gceannas
- Déarfaidh tú ‘Stop’, Imeoidh tú agus Inseoidh tú má dhéanann strainséir aon rud a fhágann go mothaíonn tú neamhshábháilte.

Fiafraigh de pháistí an bhfuil aon rialacha eile acu faoi strainséirí.

Forbairt

Úsáid roinnt/gach ceann acu seo le haghaidh ceisteanna ranga uile i bhfoirm ceisteanna ar an toirt:

Ceist 1 ar an toirt: Tá tú taobh amuigh den scoil agus tá sé ag báisteach go trom. Osclaíonn athair duine de na páistí sa rang a fhuinneog agus fiafraíonn sé an bhfuil síob uait. Ní fhaca tú é riamh cheana ach tá an bháisteach an-trom agus tá do chara ón rang sa charr. Cad a dhéanfa?

Ceist 2 ar an toirt: Tá tú i siopa le do chara agus tá sibh ag féachaint ar t-léinte. Deir déagóir níos sine, “Is deas iad sin, ach féach an praghas”. Deir sé go bhfuil a fhios aige cá bhfaighidh tú iad a fháil ar phraghas níos ísle, agus deir sé leat teacht leis. Diúltaíonn tú, ach tá sé ag gáire agus deir sé ansin, “Gabh i leith a leids, níl sibh sé bliana d’aois níos mó”. Cad a dhéanfa?

Ceist 3 ar an toirt: Téann tú ar strae ó d’uncail ag cluiche peile. Tá an áit plódaithe agus níl tú in ann é a fheiceáil in aon áit. Cad a dhéanfa?

AM 21 – Strainséirí – Cad a dhéanfa? Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear agus lig do ghrúpaí ar a seal rólímirt a dhéanamh orthu seo a leanas, ag díriú ar fhreagra iomchuí:

Cnámha scéil 1: Tá sé ag cur báistí agus tá tú ag siúl abhaile. Tarraingíonn fear suas le do thaobh agus tá d'ainm ar eolas aige agus deir sé go bhfuil sé ina chónaí cúpla slat síos an bóthar uait agus gur féidir leis síob a thabhairt duit chuig do theach. Chonaic tú é ag caint le do dhaide cúpla uair.

Cnámh scéil 2: Buaileann tú isteach chuig teach duine de do chairde nuair a bhíonn tú amuigh ag siúl. Tagann déagóir ag an doras romhat. Deir sé go bhfuil do chara amuigh anois ach go mbeidh sé ar ais faoi cheann tamaillín. Deir sé, 'Cén fáth nach bhfanann tú leis istigh. Tabharfaidh mé deoch fuar duit.' Tá an lá an-mheirbh agus ba mhaith leat deoch, agus tá a fhios agat nach bhfuil do chara sa bhaile.

Abair le grúpa amháin nó le dhá ghrúpa rólímirt a dhéanamh ar na cnámha scéil don rang agus na freagraí a thugtar a phlé.

Ansin spreag na páistí raon freagraí oiriúnacha a thabhairt a d'fhéadfaí a úsáid i gcásanna den sórt sin.

Mar shampla:

- Níl aon chead agam aon síob a ghlacadh mura dtugann mo thuismitheoirí cead dom
- Ní thugann mo thuismitheoirí cead dom dul isteach i dteach aon duine mura gcuirim ceist orthu ar dtús
- Fan go seiceálfaidh mé le mo thuismitheoirí é
- Níl aon chead agam. Tá deifir orm
- Ní fhéadfaidh mé mar tá mo dhaide ag fanacht liom
- Ba bhreá liom cúnamh a thabhairt, ach caithfidh mé seiceáil le mo thuismitheoirí ar dtús

Anois roghnaigh ceann de na scéalta seo a leanas do dhaltá: AM 22 – Scéal Tony nó AM 23 – Strainséir ar an Idirlíon.

AM 22 – Scéal Tony:

Bhí rothaí an rothair ag seabhrán agus Tony ag rothaíocht leis feadh an bhóthair. Is beag trácht a bhí ann. Ba mhór an spórt é a bheith ag rothaíocht leis féin ar a leithéid de lá breá. Bheadh sé ar ais ar scoil faoi cheann coicíse, mar sin bheadh air dul chuig an gcathair go luath, ach bheadh neart scéalta aige dá chairde faoin tsaoire bhreá a bhí aige i nDún na nGall. Thug Mama agus Daide cead dó fanacht le Mamó agus Daideo as féin. Bhí sé in ainm is a bheith ag cleachtadh a chuid Gaeilge in éineacht leo ionas go dtuigfeadh sé níos fearr an teanga sa mheánscoil. Bhí sé beagáinín scanraithe faoi scoil nua agus an oiread ábhair nua, ach bhí Tony ag súil lena chairde a fheiceáil arís. Agus bhí feabhas tagtha ar a chuid Gaeilge – bhí sé ag éisteacht agus ag labhairt i nGaeilge lena Mhamó beagnach gach oíche, cé go mba ait leis i gcónaí a bheith ag éisteacht leis na comharsana go léir ag labhairt i nGaeilge sa siopa.

Bhí sé ar a bhealach ann anois chun siúcra agus plúr a fháil – gheall Mamó dó go ndéanfadh sí a cuid pancóga breá dó dá ndéanfadh sé deifir!

Stiúir sé a rothar gar do thaobh an bhóthair mar go raibh SUV mór ag déanamh air, agus ansin d'imigh sí as a radharc.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin d'airigh sé torann cairr ar a chúl agus d'fhéach sé siar. Cheap sé go raibh sé cosúil leis an gceann a casadh ar ball beag, ach ní raibh mórán ama aige smaoineamh air féin mar gur tharraing sé suas díreach lena thaobh agus d'oscail sé síos an fhuinneog.

Bhí cineál imní ar Tony láithreach boise, chúlaigh sé siar de bheagán agus chuir sé a lámh ina phóca. Sháigh an fear a chloigeann amach as an bhfuinneog. "Is é Dia a chas orm thú! Caithfidh tú cabhrú liom! Bhí droch-thimpiste díreach síos an bóthar, tá duine éigin gortaithe agus dúradh liom an dochtúir a fháil, ach níl aon eolas agam ar an gceantar seo. An dtiocfaidh tú liom agus an teach a thaispeáint dom?"

Bhí Tony níos suaimhní ansin. Timpiste a bhí ann, bhí a chúnamh ag teastáil, bhí sé ar bís! D'fhéadfadh sé a bheith ag déanamh gaisce lena chairde gurb eisean a thug slán gach duine!

“Rachaidh mise chun tosaigh ort... Níl sé i bhfad!” a bhéic sé ar ais.

“Ná déan! Ná déan! Ná déan!” a d'fhreagair sé go tapa. “Caithfidh tú a dhul isteach!”

Chuimhnigh Tony air féin arís de bharr na cainte sin. Cén fáth a gcaithfeadh sé dul isteach sa charr? Bhí a lámh ag Tony ar a fhón póca ina phóca. Bhí a Mhamó ar meardhailiú aige. Cnaipe amháin agus bheadh sé in ann labhairt léi.

“Gabh isteach, agus déan deifir!” a deir an fear arís.

Bhrúigh Tony an cnaipe, thug sé an fón amach a phóca, agus dúirt, “A Mhamó, deir an fear seo go raibh timpiste ann. Tá sé ag iarraidh orm dul isteach sa charr. SUV mór atá ann”.

De réir mar a bhí Tony ag críochnú na habairte, chuala sé an carr ag reibheáil agus le scríobadh maith d'imigh sé ar nós na gaoithe timpeall an choirnéil, ach bhí an uimhirphláta feicthe ag Tony. B'fhéidir nár mhór dó cuimhneamh ar an gceann sin.

Pointí le plé:

- Cén fáth a gceapann tú go ndeachaigh an carr thairis agus ar ais arís?
- Cén fáth a raibh imní ar Tony ar dtús?
- Cén fáth ar shuaimhnigh sé?
- An gceapann tú go raibh timpiste ann? Cén fáth?
- Cad a cheapann tú faoin smaoineamh a bhí aige dul ar a rothar chun tosaigh ar an gcarr?
- Cad a dhéanfa féin sa chás seo?

AM 23 - Strainséir ar an Idirlíon:

Bhí Mary agus Julie tuirseach traochta nuair a tháinig siad amach as a rang damhsa hip hop. Bhí sé ar cheann de na gníomhaíochtaí ab fhearr leo tar éis scoile, agus rith siad chomh fada le máthair Julie a bhí ag fanacht leo sa charr. Thabharfadh Daide Mary abhaile í níos déanaí ar a bhealach abhaile ón obair. Thug Mama Julie sú agus briosaí dóibh sa chistin agus ansin chuaigh siad suas an staighre chuig an bpluais áit ar fhéach siad ar DVD, nó d'imir siad cluichí nó chuaigh siad ar an ríomhaire de ghnáth.

Bhí an-spraoi acu Dé Céadaoin seo caite – nuair a chuir Julie an ríomhaire ar siúl, bhí focail curtha isteach aici faoi chairde a chuardach agus go tobann tháinig teachtaireacht suas ó chailín darbh ainm Ann, a d'iarr a gcuid ainmneacha agus aoiseanna orthu. Dúirt sí go raibh sí beagáinín níos sine ná iadsan agus bhí siad ag caint léi ar feadh tamaillín, ag caint faoi na hamhráin pop is fear leo agus seónna teilifíse, go dtí gur tháinig Daide Mary chun í a thabhairt abhaile. Dúirt siad le Ann go mbeidís ar líne le chéile arís Dé Céadaoin seo chugainn.

Mar sin, an tseachtain dar gcionn i ndiaidh an ranga damhsa, bhrostaigh siad suas an staighre le labhairt lena gcara nua arís. An t-am seo d'iarr Ann orthu dul ar Skype ionas go mbeidís in ann a chéile a fheiceáil, ach nuair a tháinig físeán Ann ar an scáileán, bhí sé dorchá agus ba dheacair é a fheiceáil. Ní raibh siad in ann í a fheiceáil rómhaith, ach dúirt sí go raibh sí in ann iadsan a fheiceáil, agus bhí siad sásta leis sin.

Bhí go leor cainte ag Anna agus chuir sí go leor ceisteanna orthu an tseachtain seo. Bhí sí ag iarraidh a fháil amach an dtiocfadh Mama Julie isteach sa seomra fad is a bhí siad ag caint. D'fhiafraigh sí cá raibh cónaí orthu, agus cibé an ndeachaigh siad isteach sa bhaile mór leo féin uaireanta – b'fhéidir go mbeadh sé go deas bualadh le chéile le dhul ag siopadóireacht.



Ba iontach an rud é cara nua a dhéanamh ar an mbealach seo! Mhottaigh Mary agus Julie an-fhásta suas ag labhairt leis an gcailín seo – bhí siad ar bís go mbuailfidís léi, dá bhféadfaidís cead a fháil óna dtuismitheoirí iad a scaoileadh ar an mbus chuig an mbaile mór an deireadh seachtaine seo chugainn.

B'fhéidir ar ndóigh go raibh an ceart ag Ann, agus go mbeadh sé níos fearr gan a lua go raibh siad chun bualadh léi. Mar a deir sí féin, bhí siad ar fad beagnach fásta suas anois agus ní raibh aon chál dóibh gach rud a insint dá dtuismitheoirí! Ar ndóigh, bheadh gach rud go breá!

Pointí le plé:

- An gceapann tú gur smaoineamh maith a bheadh ann dóibh fanacht ina dtost faoi Ann?
- Cad atá ar eolas acu faoi Ann? Mar shampla, cén sórt cuma atá ar Ann, meastú?
- Cad ba cheart do na cailíní a dhéanamh, dar leat?

Meabhraigh na rialacha seo a leanas do na páistí maidir le húsáid an idirlín:

- Ná labhair go deo le daoine ar an idirlíon nach bhfuil aithne cheart agat orthu
- Ná postáil sonraí pearsanta fút féin riamh (uimhir theileafóin, seoladh, etc.)
- Na buail le haon duine ar chas tú leis/léi ar líne gan duine fásta a thabhairt leat
- Ná hoscail ríomhphoist ná comhaid ó dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu.

AM 24 – Seas suas/Suigh síos: Léigh amach ráiteas agus iarr ar aon pháiste a aontaíonn leis an ráiteas seasamh suas.

- Tá sé ceart go leor bualadh le duine éigin ar chas tú leis/léi ar an idirlíon más cailín í ar chomhaois leat féin
- Tá Daide do chara, nár chas tú leis riamh roimhe seo, ag an scoil chun é a phiocadh suas agus tairgeann sé síob abhaile duitse freisin. Tá sé ceart go leor dul in éineacht leo
- Tá tú ar do bhealach abhaile, nuair a stopann carr agus fiafraíonn bean treoracha ort. Tá sé ceart go leor na treoracha a thabhairt di
- Tá sé ceart go leor dul in éineacht le do chara chuig teach a chol ceathrair, cé nach bhfuil aithne agat ar an gcol ceathrair
- Má iarrann bean scothaosta cabhair ort chun mála trom a thabhairt óna carr chuig a teach, tá sé ceart go leor cabhrú léi.

Nó, d'fhéadfaí na ceisteanna seo a iniúchadh trí Dhíospóireacht ar cois. (Féach Eiseamláir 18, leathanach 82, OSPS Treoirilínte do Mhúinteoirí)

Ba cheart na daltaí a spreagadh chun labhairt faoi na cúiseanna atá acu as an rogha a dhéanamh. Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí nach mbíonn sé éasca i gcónaí roghanna a dhéanamh. Nuair a labhraímid le duine éigin cuidíonn sé sin linn an rogha cheart a dhéanamh.

Sábháilteacht Idirlín

Cuimhnigh nuair a bhíonn tú ar líne:
- Ná cuir suas faisnéis pearsanta, mar shampla, ainm, seoladh



Conclúid

Mar achoimre, abair leis an rang cuimhneamh arís ar na rialacha chun déileáil le strainséirí ina saol agus ar líne agus abair leo na rialacha sin a rá amach.

Bileog oibre 9/NBS: Úsáid shábháilte an Idirlín: Tugann na daltaí bileog oibre abhaile leo chun an t-ábhar a phlé le tuismitheoir/caomhnóir.



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 9

Rang a 5 agus Rang a 6

Sábháilteacht Idirlín

Cuimhnigh nuair a bhíonn tú ar líne:

- **Ná cuir suas faisnéis phearsanta**, mar shampla, ainm, seoladh ná aon sonraí pearsanta eile, ar líne
- **Cuimhnigh** nach féidir aon ghrianghraif ná íomhánna a chuireann tú ar líne a bhaint go hiomlán go deo
- **Ná creid** go bhfuil gach duine a mbuaileann tú leo ar líne ag insint na fírinne faoi cé hiad féin
- **Inis i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti** má tá imní ort faoi rud éigin a fheiceann tú ar líne
- **Ná tabhair freagra riamh** ar theachtaireachtaí a chuireann trína chéile thú nó a scanraíonn thú – sábháil iad, taispeáin do dhuine fásta iad agus iarr orthu tuairisc a thabhairt faoi
- Má fhaigheann tú teachtaireachtaí nó grianghraif/pictiúir ghránna ar téacs nó ar líne, **ná féach** orthu arís agus arís eile toisc go bhféadfá a bheith an-trína chéile acu. **Blocáil an té a sheol iad** ionas nach mbeidh rochtain acu ar do ghrianghraif nó ar d'fhaisnéis phearsanta agus **inis do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti**.



Tá an acmhainn seo ar fáil le híoslódáil ag:

www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm

www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna